AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 7.12.2011
COIM(2011) 843 leagan deireanach

2011/0411 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear Ionstraim um Chomhpháirtíocht le haghaidh comhair le tríú tíortha

{SEC(2011) 1475 leagan deireanach}
{SEC(2011) 1476 leagan deireanach}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tagann an togra seo le haghaidh Ionstraime um Chomhpháirtíocht in ionad na hIonstraime maoinithe um Chomhar le tíortha agus críocha tionsclaithe agus le tíortha agus críocha ardioncaim eile (ICI)[1], a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2007, agus atá mar phríomh-mheán ag an AE um chomhoibriú le tíortha forbartha. Chruthaigh an ICI í féin mar uirlis éifeachtach a raibh ar a cumas freagairt dhifreáilte agus chuí a sholáthar chun comhar idir 17 dtír a leathnú agus a dhoimhniú (tíortha tionsclaithe agus críocha ardioncaim i Meiriceá Thuaidh, i réigiún na hÁise-an Aigéin Chiúin agus i réigiún na Murascaille). Le glacadh thogra ICI+ tá tíortha i mbéal forbartha cuimsithe faoi freisin le deireanas. Ach tá an uirlis sin le dul in éag roimh dheireadh na bliana 2013 agus mar sin beidh ionstraim airgeadais nua de dhíth.

Ina theannta sin, ó tháinig Rialachán an ICI i bhfeidhm, tá geilleagair ar nós gheilleagair na hIndia, na Síne agus na Brasaíle ag teacht chun cinn agus ag glacadh ról níos feiceálaí de réir a chéile sa gheilleagar agus sa trádáil idirnáisiúnta, i bhfóraim iltaobhacha (NA agus G-20) agus i dtaca le díriú ar dhúshláin is údar imní don domhan ar fad. Cé gurb údar imní mór iad i gcónaí an fhorbairt agus maolú na bochtaineachta, tá na tíortha sin ag fágáil stádas thíortha i mbéal forbartha ina ndiaidh de réir a chéile. Chun a théarnamh geilleagrach féin a chothbháil, tá leas straitéiseach ag an AE in iarrachtaí sochreidte a spreagadh ó na tíortha seo chun aghaidh cheart a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda amhail athrú aeráide.

Tá comhaontuithe ginearálta forbartha ag an AE freisin, le príomhpháirtithe agus le geilleagair atá ag teacht chun cinn chun díriú ar shaincheisteanna déthaobhacha agus ar ábhair is údar imní don domhan ar fad. Chun na hionstraimí sin (i.e. mar chomhaontuithe, dearbhuithe, pleananna gníomhaíochta etc.) a chur i ngníomh beidh gá le hionstraim mhaoinithe tiomanta ionas go mbeidh ag an AE an acmhainn chun a leasanna a chur chun cinn go héifeachtach ar fud an domhain agus chun déileáil le saincheisteanna domhanda cibé uair is gá.

Lena chois sin, is gá Ionstraim nua a cheapadh a bheidh oiriúnaithe do na forbairtí seo a leanas: forbairt an ghaoil leis an Rúis; an ghéarchéim airgeadais a bhfuil dúshláin nua curtha aici faoi gheilleagar an domhain agus faoina ord geilleagrach; an méadú ar idirspleáchas idir an AE agus a phríomh-chomhpháirtithe; pátrúin trádála atá ag athrú; ról méadaitheach na sochaí sibhialta agus na bpobal gnó/trádála san Eoraip agus i dtíortha comhpháirtíochta araon a dteastaíonn plé, comhtháthú agus malartú ar bhonn níos leithne uathu. Tá méadú ar an ngá le díriú ar dhúshláin shóisialta (buntáistí an domhandaithe a bheith scaipthe go neamhchothrom agus an tionchar dochrach atá ag an gcúlú eacnamaíochta ar thomhailt, ar ioncam agus ar chruthú post), agus ar dhúshláin chomhshaoil agus ar dhúshláin maidir leis an athrú aeráide. Sa chomhthéacs sin, i ngeall ar ról méadaitheach na ngeilleagar atá ag teacht chun cinn i dtrádáil idir thíortha an Deiscirt agus i saincheisteanna comhair, ar an ngá le comhcheangal a dhéanamh idir cúnamh forbartha, ionstraimí trádála, idirphlé gnó, forbairtí bonneagair agus teicneolaíochta; agus ar infheistíochtaí chun tacú le fás cliste cuimsitheach,

[1] SAM, an tSeapáin, Ceanada, Poblacht na Cóiré, an Astráil agus an Nua-Shéalainn); tíortha agus críocha tionsclaithe áirithe san Áise atá eisiata ó liosta tíortha faighteora an Choiste Cúnaimh Forbartha (CCF) (Singeapór, Hong Cong, Macon, an Téaváin agus Brúiné) chomh maith le Comhairle Chomhair na Murascaille (Bairéin, Cuáit, Óman, Catar, an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) atá eisiata ar an tslí chéanna ó liosta CCF d'fhaighteoirí cúnamh forbartha oifigiúil (CFO).

comhtháthú na trádála, forbairt na hearnála príobháidí, comhtháthú sóisialta, cláir um leasú agus um athchóiriú, tá gá le hIonstraim nua a bhunú.

I láthair na huaire, níl aon fhíorionstraim ag an AE a chuirfeadh ar a chumas dul i mbun comhair le geilleagair nua atá ag teacht chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le croí-leasanna an AE a chur chun cinn agus le dúshláin choiteanna is údar imní don domhan ar fad (ar nós an athraithe aeráide agus an gá atá le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ar gach leibhéal). Cé go bhfuil síneadh curtha le cuimsiú an ICI chun tíortha i mbéal forbartha a chur san áireamh, tá a raon feidhme teoranta ó glacadh an ICI+ an 1 Nollaig 2011.

Meastar go sáródh an Ionstraim um Chomhpháirtíocht atá beartaithe an teorannú sin ar chumas an AE dul i ngleic go hidirnáisiúnta ar an tslí is éifeachtaí. Líonfadh sí an bhearna a ndéantar cur síos uirthi thuas agus thabharfadh sí deis don AE díriú ar chláir oibre seachas comhar forbartha le himreoirí domhanda. Lena chois sin, d'fhéadfaí croíleasanna an AE a chosaint in éineacht le haon tír chomhpháirtíochta eile de réir mar ba ghá.D'fhéadfadh sé bheith mar bhuntaca le caidreamh nua le tíortha atá ag dul ar aghaidh ó chúnamh forbartha déthaobhach.

Go háirithe, chomhlíonfadh sí na cuspóirí ar leith seo a leanas:

(a) gné idirnáisiúnta na straitéise Eoraip 2020 a chur i ngníomh trí thacú le straitéisí comhpháirtíochta comhair an AE, idir straitéisí déthaobhacha, réigiúnacha agus idir-réigiúnacha, trí idirphlé bheartais a chur chun cinn agus trí chineálacha cur chuige agus freagairtí comhchoiteanna a cheapadh ar dhúshláin is údar imní don domhan ar fad, amhail slándáil fuinnimh, athrú aeráide agus an comhshaol;

*(b)* rochtain ar mhargaí a fheabhsú agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna trádála, infheistíochta agus gnó do chuideachtaí Eorpacha, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), trí bhíthin comhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus comhar gnó agus rialála;

(c) tuiscint agus infheictheacht leathan an Aontais agus a róil ar an ardán domhanda a fheabhsú trí bhíthin taidhleoireachta poiblí, comhair acadúil/oideachais agus gníomhaíochtaí for-rochtana chun leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn.

Déanfaidh an **Ionstraim um Chomhpháirtíocht** leasanna an AE agus leasanna frithpháirteacha a chur ar aghaidh agus cuirfear an straitéis Eoraip 2020 chun cinn ar bhonn domhanda dá toradh, trí fhreagairt éifeachtach sholúbtha a thabhairt ar chuspóirí comhair a eascraíonn as gaol an Aontais le tíortha comhpháirtíochta agus trí dhíriú ar dhúshláin is údar imní don domhan ar fad. Beidh tionchar domhanda ag an ionstraim agus díreofar go háirithe ar chomhpháirtithe straitéiseacha agus ar gheilleagair atá ag teacht chun cinn. Ní bheidh sé riachtanach caiteachas a bheith aicmithe mar chúnamh forbartha oifigiúil (CFO), cé go bhféadfadh sé sin a bheith indéanta i gcónaí i gcás Cúnaimh don Trádáil agus Cúnaimh a bhaineann le Trádáil. Is é €1,131 milliún an méid airgid a bheidh ar fáil don tréimhse 2014-2020.

Beidh an Ionstraim um Chomhpháirtíocht ina dlúthchuid de struchtúr foriomlán na nIonstraimí Airgeadais um ghníomhaíocht sheachtrach arna n-eagrú bunaithe ar cheithre phríomhchaibidil: caibidil bunaithe ar bheartas a fhéachann go príomha le comhar a éascú ar gach leibhéal le tíortha comhpháirtíochta; agus caibidlí ar oibriú ar thosaíochtaí leathana agus

ar luachanna ginearálta: cearta an duine agus an daonlathas, cúnamh daonnúil agus cosaint shibhialta, agus bainistíocht agus cosc géarchéime.

Is é ceann de thosaíochtaí na straitéise Eoraip 2020 fás a athbhunú a bheidh comhoiriúnach le fís na hEorpa maidir le todhchaí ísealcharbóin agus cuspóirí forbartha inbhuanaithe. Aithnítear sa chlár oibre go mbeidh ról ríthábhachtach ag geilleagair atá ag teacht chun cinn agus ag fás go mear, agus meánaicme iontu atá ag dul i méid, i mbuanú onnmhairí earraí agus seirbhísí Eorpacha, onnmhairí a bhfuil buntáiste iomaíoch ag an AE inti. Mar shampla, beidh iarmhairt shuntasach ag beartais aeráide sa todhchaí (nó ag an easpa beartas dá leithéidí) sa tSín, san India, sa Bhrasaíl agus sna SA ar iomaíochas sa todhchaí, ar thaighde agus ar fhorbairt agus ar chomhar eolaíoch trasna na réigiún sin, agus ar thrádáil idirnáisiúnta. Is é ár leas é a mhéad ailínithe agus comhair is féidir a chur chun cinn. Ba cheart don Ionstraim um Chomhpháirtíocht a bheith lárnach maidir le tacú le beartas trádála[2], go háirithe i dtaca leis na comhpháirtithe eacnamaíocha straitéiseacha. Forlíonadh ar ghníomhaíocht arna maoiniú faoin gClár um Iomaíochas agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide a bheidh sa tacaíocht do chuideachtaí Eorpacha chun rochtain a fháil ar mhargaí.

Tá ról níos feiceálaí á ghlacadh ag geilleagair atá ag teacht chun cinn mar chomhpháirtithe freagracha a dhíríonn ar dhúshláin is údar imní don domhan ar fad i bhfianaise na géarchéime leanúnaí sa gheilleagar. Aithníonn an AE a thábhachtaí atá sé méadú a dhéanamh ar fhreagracht na ngeilleagar atá ag teacht chun cinn i leith na dtíortha is lú forbartha agus i leith tíortha eile atá i mbéal forbartha. Ní féidir dul i ngleic le saincheisteanna criticiúla amhail maolú na bochtaineachta, iomaíochas agus léirscaoileadh na trádála, an comhshaol, an t-athrú aeráide, fuinneamh, forbairt inbhuanaithe, obair chuibhiúil, lena n-áirítear meas ar phríomhchaighdeáin saothair agus ar idirphlé sóisialta, feabhsú a dhéanamh ar scileanna digiteacha sa litearthacht agus ar chuimsiú, paindéimí, cibearshlándáil, sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe, lena n-áirítear píoráideacht, ach amháin i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Agus domhandú luasghéaraithe ag dul ar aghaidh sa chúlra, ní foláir nó go bhfuil cúnamh airgeadais seachtrach iomchuí mar thaca leis an gclár oibre inmheánach a bhaineann le fás inbhuanaithe agus poist a dhaingniú san Eoraip, chomh maith le beartais inmheánacha an AE i gcoitinne. Ba cheart go mbeadh gníomhaíocht sheachtrach an AE níos comhleanúnaí agus níos comhtháite de bharr ghné sheachtrach an bheartais inmheánaigh agus go seachnófaí dúbláil agus go méadófaí an tionchar.

Dá bhrí sin, tabharfar tosaíocht san Ionstraim um Chomhpháirtíocht do thacaíocht a sholáthar do bheartais sheachtracha eile de chuid an AE, mar shampla an beartas trádála, agus do ghné sheachtrach bheartais an AE maidir leis an athrú aeráide, le comhshaol, fuinneamh, iompar, fostaíocht agus beartas sóisialta, mar aon le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Faoin Ionstraim um Chomhpháirtíocht, beidh baint ar leith ag príomhshruthú cúrsaí aeráide agus cuspóirí i dtaca leis an aeráid i ngníomhaíochtaí a chuireann idirphlé beartais chun cinn le geilleagair thionsclaithe agus le geilleagair atá ag teacht chun cinn.

Beidh éifeachtúlacht acmhainne ríthábhachtach chun go mbeidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe i gcónaí laistigh de shrianta comhshaoil. Beidh an AE ag glacadh Straitéise um Éifeachtúlacht Acmhainne mar cheann de mhíreanna suaitheanta na Straitéise Eoraip 2020. Beidh tionchar aige sin ar noirm an AE ach ní bheidh sé éifeachtach go hiarbhír ach amháin

---

[2] *Trade, Growth and World Affairs - TRADE POLICY AS A CORE COMPONENT OF THE EU'S 2020 STRATEGY* (Trádáil, Fás agus Gnóthaí an Domhain - BEARTAS TRÁDÁLA MAR CHOMHPHÁIRT LÁRNACH DE STRAITÉIS 2020 AN AE) (COIM/2010/612) an 9.11.2010

má ghlacann na mórgheilleagair ar fad cleachtais a bheidh éifeachtach ó thaobh acmhainní de. Tá deis ag geilleagair atá ag teacht chun cinn gabháil thar na bpátrún neamh-inbhuanaithe maidir le tomhailt agus táirgeadh a bhí coitianta i measc gheilleagair an AE agus i measc na n-ardgheilleagar eile le linn a dtionsclú agus tá suim mhór ag an AE cabhrú leo é sin a dhéanamh.

Mar sin féin, tá pobail líonmhara sna geilleagair atá ag teacht chun cinn, go háirithe san India agus sa tSín, atá beo bocht agus ag brath ar éiceachórais shláintiúla amhail uisce glan agus farraigí agus foraoisí táirgiúla chun teacht slán. Ag an am céanna, tá bithéagsúlacht mhór sa Bhrasaíl, san Afraic Theas, san India agus sa tSín. Tá tionchar ag na geilleagair sin freisin ar úsáid acmhainne i dtíortha eile atá i mbéal forbartha, go háirithe sna tíortha sin is boichte. Is chun leasa fhrithpháirtigh an AE agus a chomhpháirtithe comhar a bheith ann maidir le héiceachórais a chosaint agus iad a bhainistiú ar shlí inbhuanaithe.

Tá sé ríthábhachtach idirphlé agus comhar praiticiúil a bheith ann leis na príomhtháirgeoirí agus na príomhthomhaltóirí fuinnimh ar domhan d'fhonn díriú ar an dúshlán a ghabhann le slándáil fuinnimh an AE a chosaint, go háirithe toisc go bhfuilimid ag brath ar allmhairí níos mó ná riamh, mar aon le clár oibre ísealcharbóin domhanda, beartais inbhuanaithe fuinnimh, trédhearcacht agus intuarthacht ar mhargaí domhanda fuinnimh agus comhar teicneolaíochta a chur chun cinn.

De réir agus a bhogann roinnt tíortha ar aghaidh ó chúnamh forbartha déthaobhach, tá foirmeacha nua comhair á lorg acu. I réimsí na teicneolaíochta agus na nuálaíochta, má tá an AE le bheith ina chomhpháirtí straitéiseach agus ról ceannasach a bheith aige i gcónaí i gcaighdeáin dhomhanda, ní mór dó bheith in ann comhpháirtíochtaí a bhunú sna réimsí sin, bunaithe ar leas frithpháirteach.

Beidh fócas seachtrach bheartais inmheánacha an AE comhtháite go hiomlán, dá bhrí sin, i gclárú na hIonstraime um Chomhpháirtíocht. Laistigh de na hacmhainní teoranta airgeadais a bheidh ar fáil di, féadfaidh sí gné sheachtrach na mbeartas inmheánach arna seoladh faoi chláir eile de chuid an AE a chomhlánú (amhail gníomhaíocht faoi 'Fís 2020' - an Creatchlár le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta, faoin gClár um Iomaíochas agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, lena n-áirítear comhar maidir le Turasóireacht, faoin gCiste Imirce, faoin gCiste Slándála Inmheánaí agus faoin gclár "Erasmus do Chách"), chun aon dúbailt a sheachaint. Féadfaidh sí tacú freisin le beartais sheachtracha eile de chuid an AE, ar nós an bheartais trádála. Cuirfear comhchuibheas agus comhlántacht le hionstraimí geografacha eile um ghníomhaíochtaí seachtracha, go háirithe an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt, san áireamh ar fud na céime cláraithe le linn lanpháirtiú phrionsabail na difreála agus an chomhchruinnithe.

## 2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Thionóil an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí maidir le cistiú amach anseo le haghaidh ghníomhaíocht sheachtrach an AE idir an 26 Samhain 2010 agus an 31 Eanáir 2011. Bhí an próiseas sin bunaithe ar cheistneoir ar líne ag gabháil le páipéar cúlra *What funding for EU external action after 2013?* (Cén cistiú le haghaidh ghníomhaíocht sheachtrach an AE tar éis 2013?') a d'ullmhaigh foireann an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS).

Dheimhnigh bunáite na bhfreagróirí (thart ar 70 %) gur sholáthair cúnamh airgeadais an AE breisluach substaintiúil sna príomhréimsí beartais arna dtacú ag ionstraimí airgeadais an AE um ghníomhaíocht sheachtrach[3]. Luaigh go leor freagróirí breisluach an AE mar an príomhspreagthóir don todhchaí: mheas siad gur cheart don AE leas a bhaint as an mbuntáiste comparáideach sin — atá bainteach lena láithreacht dhomhanda, lena shaineolas fadréimseach, lena nádúr ilnáisiúnta agus lena ról mar éascaitheoir comhordaithe — agus le barainneachtaí scála.

Thacaigh beagnach gach freagróir (92 %) le cur chuige níos difreálaithe, a bheadh oiriúnaithe do chás na dtíortha tairbhíocha agus bunaithe ar chritéir fhónta agus ar bhailiú éifeachtúil sonraí, chun tionchar ionstraimí airgeadais an AE a mhéadú.

Léiríodh tuairimí éagsúla i dtaobh shimpliú na n-ionstraimí agus i dtaobh na cothromaíochta idir ionstraimí geografacha agus ionstraimí téamacha. Bhí imní ar go leor daoine gurbh éard a chiallódh laghdú ar líon na gclár téamach ag an AE laghdú ar an tsuim fhoriomlán a bheadh ar fáil do ghníomhaíocht théamach, agus os a choinne sin d'iarr siad na rialacha a rialaíonn rochtain ar chistiú téamach agus a chur chun feidhme a bheith simplithe. Thacaigh formhór mór na bhfreagróirí le solúbthacht gheografach ionstraimí an AE a mhéadú mar mhodh chun freagairt do dhúshláin idir-réigiúnacha.

Nuair a iarradh orthu tosaíochtaí a ainmniú i measc réimsí éagsúla leasa, luaigh formhór na bpáirtithe leasmhara 'cobhsaíocht mhaicreaeacnamaíoch agus airgeadais, fás eacnamaíoch' agus 'cur chun cinn na trádála agus infheistíochtaí', agus ina dhiaidh sin 'fuinneamh, éifeachtúlacht acmhainne agus an t-athrú aeráide' agus 'fostaíocht agus saincheisteanna sóisialta (fás cuimsitheach agus obair chuibhiúil)'.

D'aontaigh formhór mór na bhfreagróirí gurb í an earnáil phríobháideach ceann tiomána na forbartha eacnamaíche agus dá réir sin, go rannchuidíonn sí go suntasach le fás inbhuanaithe. Ar an gcúis sin mhol siad go rachadh an AE i ngleic ar shlí níos fairsinge leis an bpobal gnó mar chomhpháirtí san AE agus i dtríú tíortha chun ról níos mó a thabhairt don earnáil phríobháideach — i gcúrsaí airgeadais agus i mbailiú faisnéise araon — mar cheann tiomána na forbartha inbhuanaithe.

D'aontaigh go leor go bhféadfadh comhchlárú agus cómhaoiniú i measc na mBallstát méadú a dhéanamh ar éifeacht agus ar chomhtháthú ghníomhaíocht sheachtrach an AE, simpliú a dhéanamh ar sheachadadh an chúnaimh, agus laghdú a dhéanamh ar chostais fhoriomlána na beartaíochta.

Maidir le meastóireacht ar fheidhmíocht, bhíothas go mór i bhfabhar fócas níos láidre ar ghníomhaíochtaí faireacháin le linn do thionscadail agus do chláir a bheith á gcur chun feidhme, mar aon le simpliú a dhéanamh ar na rialacha a rialaíonn maoiniú seachtrach mar shlí lena chinntiú go soláthraíonn ionstraimí seachtracha an AE an éifeacht a bhfuil súil léi.

Bhí líon mór páirtithe leasmhara i bhfabhar méadú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun cistiú seachtrach an AE a chur os comhair an phobail ar shlí níos feiceálaí, go háirithe i dtíortha tairbhíocha. Mar sin féin, is cosúil, chun an AE a dhéanamh

[3] i.e. síocháin agus slándáil, laghdú na bochtaineachta, cabhair dhaonnúil, infheistíocht i gcobhsaíocht agus i bhfás i dtíortha méadaithe agus i dtíortha comharsanachta, dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, caighdeáin agus luachanna idirnáisiúnta agus an AE a chur chun cinn, agus tacú le fás agus le hiomaíochas thar lear.

níos infheicthe, gur éifeachtaí beartais, straitéisí agus láithreacht éifeachtach i dtríú tíortha ná breis airgid a chaitheamh ar chumarsáid. Tacaíodh go láidir, freisin, leis an moladh go ndéanfaí treisiú ar ról comhordaithe an AE i measc bronntóirí eile agus go gcinnteofaí go dtarraingeodh comhpháirtithe cur chun feidhme aird ar mhaoiniú an AE.

Sular cuireadh an togra seo le haghaidh na hIonstraime um Chomhpháirtíocht ar aghaidh, bhreithnigh an Coimisiún ceithre rogha beartais: deireadh a chur leis an ICI; an *status quo* a choimeád; an DCI a leasú chun caiteachas nach cúnamh forbartha oifigiúil é a cheadú; nó ionstraim nua a thabhairt isteach a thógfadh ar an ICI/ICI+.

Rinneadh na roghanna a mheasúnú go cúramach ach measadh nach mbeadh sé indéanta ó thaobh na polaitíochta de deireadh a chur leis an ICI nó an *status quo* a choimeád. Dá dteorannófaí an caiteachas do ghníomhaíocht atá nasctha le maolú na bochtaineachta amháin nó dá mbunófaí gach comhar le geilleagair atá ag teacht chun cinn ar an mbonn aonair sin chuirfí srian saorga le gníomhaíocht sheachtrach an AE agus dhéanfaí faillí i gcroíleasanna an AE.

Buntáiste a ghabhfadh le leasú na hIonstraime maidir le Comhar um Fhorbairt chun caiteachas nach cúnamh forbartha oifigiúil é a cheadú ná go mbeadh sé comhtháite ó thaobh na tíreolaíochta de (ionstraim amháin in aghaidh na tíre) ach measadh go mba fhíordheacair bainistiú a dhéanamh ar ionstraim a mbeadh dhá chuspóir dhifriúla léi.

**Measúnú tionchair**

**Eacnamaíoch:**

Trí bhíthin Ionstraim nua um Chomhpháirtíocht a thabhairt isteach, bheadh deis eile ag an AE chun a chuid fiontar (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide go háirithe) agus a tháirgí a chur chun cinn. D'fhéadfaí cuidiú le gnóthais an AE i dtríú tíortha, rud a sholáthródh dreasachtaí d'iomaíochas agus do nuálaíocht an AE ar shlí a chomhlánódh na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gClár um Iomaíochas agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus faoi 'Fís 2020' (taighde agus nuálaíocht). D'fhéadfaí tacú le trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta an AE, rud a d'fhéadfadh infheistíocht eachtrach san AE a éascú dá éis. D'fhéadfadh ról a bheith aige freisin i dtaca le trádáil agus comhar i measc thíortha an Deiscirt trí chleachtais fhreagracha gnó ag ár gcomhpháirtithe i dtríú tíortha a chur chun cinn, go háirithe na tíortha bochta atá i mbéal forbartha. D'fhéadfaí réimsí iomadúla comhair a shaothrú, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, fuinneamh[4], an comhshaol, comhfhogasú rialacháin agus caighdeánú teicniúil, freagracht shóisialta chorparáideach, cearta maoine intleachtúla, cosaint sonraí pearsanta, dea-chleachtais i ngnóthaí eacnamaíochta, trádála, infheistíochta, cánach agus airgeadais agus sa turasóireacht. D'fhéadfadh sé seo slándáil eacnamaíochta an AE a neartú agus poist nua a chruthú, rud a chuideodh, ar deireadh, le fás eacnamaíoch. D'fhéadfadh an Ionstraim nua foirmeacha comhair eacnamaíoch atá forbartha go maith a chothú idir an AE agus tíortha comhpháirtíochta. Sa chomhthéacs sin, bheadh deis ag an AE a áirithiú go dtugtar aird imleor ar luachanna comhshaoil, luachanna fuinnimh inbhuanaithe, luachanna sóisialta, fostaíochta agus luachanna leasa eile nach iad agus beartais agus cláir á ndearadh agus á gcur chun feidhme.

[4] *The EU Energy Policy: Engaging with Partners beyond our borders* (Beartas Fuinnimh an AE: I mBun Oibre lenár gComhpháirtithe lasmuigh dár dteorainneacha). COIM(2011) 539 an 7.09.2011

**Sóisialta**:

Trí uirlisí maoinithe an AE agus na mBallstát a ailíniú agus trí thacú le comhghníomhaíochtaí le bronntóirí déthaobhacha agus iltaobhacha eile, d'fhéadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag an Ionstraim nua ar ghréasán sóisialta na dtíortha sin atá ag teacht chun cinn. D'fhéadfadh sí tacú le hathchóiriú na gcóras leasa, le beartais náisiúnta fostaíochta, le beartais náisiúnta um oiliúint agus scileanna a fhorbairt, le hoideachas, le cláir um fhorbairt acmhainní taighde agus nuálaíochta agus le bearta chun "líontáin" náisiúnta sábhála a neartú. Trí bhreis post "glas" a chruthú, mhéadófaí ar ioncam agus neartófaí straitéisí um chomhtháthú sóisialta agus um maolú na bochtaineachta ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis sin, rannchuideodh sí chun an clár oibre sóisialta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm go rathúil, clár oibre a chuireann Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair na NA agus an G8/20 chun cinn.

**Comhshaol:**

Féachfaidh comhpháirtíochtaí nua an AE faoin Ionstraim nua fás agus inbhuanaitheacht chomhshaoil fhadtéarmach a spreagadh agus a thacú. Maidir leis sin, táthar ag súil go mbeidh ról tábhachtach ag an Ionstraim nua ó thaobh tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí agus d'idirphlé beartais i measc thíortha an AE agus tíortha comhpháirtíochta i dtaobh an chomhshaoil agus an athraithe aeráide. D'fhéadfadh an Ionstraim tacú le samhail ghnó ísealcharbóin trí dhreasachtaí a sholáthar d'earnáil phríobháideach na hEorpa. Trí fhorbairt a dhéanamh ar na torthaí rathúla ó Chomhdháil COP-16 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i gCancún, d'fhéadfaí í a úsáid chun cabhrú le gnólachtaí an AE beartais éifeachtacha agus ísealchostais a fhorbairt d'fhonn spriocanna atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhaint amach sna tíortha comhpháirtíochta. Chabhródh sé le tíortha comhpháirtíochta gach leas a bhaint as buntáistí comhshaoil, éiceolaíocha, agus éifeachtúlachta fuinnimh na nuálaíochta freisin. D'fhéadfadh sé an t-athrú go geilleagar glas agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn. Ciallaíonn an méadú ar éileamh ar thráchtearraí i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn go bhfuil gá malartú dea-chleachtais san earnáil phríobháideach agus beartais soláthair ghlasa a chur chun cinn. D'fhéadfadh an Ionstraim comhar a cheadú le tuiscint níos fearr a fháil ar na costais eacnamaíocha agus shóisialta a ghabhann le caillteanas bithéagsúlachta agus le díghrádú éiceachóras i dtíortha a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leo.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

Sa chomhphlé a bhí ag an údarás reachtach ar thogra an Choimisiúin le haghaidh ICI+ (COIM/2009/197) agus tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, tháinig na trí institiúid ar chomhthuiscint go mbainfear úsáid as Airteagal 207(2) agus Airteagal 209(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun gníomhaíochtaí taobh amuigh de chomhar forbartha a chur i gcrích i dtíortha i mbéal forbartha. Baintear úsáid as Airteagal 212(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i gcás tíortha "nach tíortha i mbéal forbartha" iad.

De bhun an chomhaontaithe sin, bheadh an Ionstraim um Chomhpháirtíocht atá beartaithe bunaithe ar theaglaim de na trí Airteagal seo a leanas den CFAE: Airteagal 212(2), Airteagal 207(2) agus Airteagal 209(1).

Tá comhaontuithe idirnáisiúnta iomadúla ag an AE le tíortha comhpháirtíochta ar fud an domhain, nach bhfuil a macasamhlacha ag Ballstáit aonair, a thugann tionchar don Aontas i

ngach réimse den chaidreamh idirnáisiúnta, nach mór. Toisc go bhfuil 27 Ballstát ag gníomhú i gcomhréir le beartais agus le straitéisí coiteanna, is ag an AE amháin atá an chumhacht chriticiúil le gur féidir freagairt do dhúshláin dhomhanda. Tá cumas uathúil ag an AE freisin noirm agus caighdeáin an AE a chur chun cinn, agus caighdeáin dhomhanda a dhéanamh díobh trí bhíthin an chomhair idirnáisiúnta.

Beidh breisluach níos mó ag gabháil leis an Ionstraim um Chomhpháirtíocht atá beartaithe ná mar a ghabhann leis an gceann atá ann faoi láthair toisc go gcuimseodh sí an straitéis Eoraip 2020 atá bunaithe ar chomhar i leith fáis ghlais, agus ina gcuirtear béim níos láidre ar leasanna an AE i gcomhar le tíortha atá ag teacht chun cinn agus le tíortha tionsclaithe agus ar an timpeallacht a fheabhsú ar mhaithe le gnó, infheistíocht, trádáil agus taighde agus nuálaíocht. Ba cheart di clár oibre réamhghníomhach de leasanna frithpháirteacha a fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta agus díriú go sonrach ar pháirtithe straitéiseacha an AE.

Is níos fearr a urramóidh an Ionstraim nua um Chomhpháirtíocht tiomantais an AE do tríú tíortha ar chuir sé Comhaontuithe Réime/Comhpháirtíochta agus Comhair i gcrích leo. Féachann beartas seachtrach an AE le cur chun cinn a luachanna agus a leasanna a nascadh le gníomhaíochtaí sonracha comhair agus chuirfeadh an Ionstraim nua le hinchreidteacht agus le comhleanúnachas an bheartais sin. Faoi chuimsiú na gcomhaontuithe, d'fhéadfadh an Ionstraim um Chomhpháirtíocht gníomhú mar chatalaíoch maidir le comhthionscadail an AE agus na mBallstát, toisc nach bhfuil an AE agus a Bhallstáit faoi cheangal ag a bhforálacha. Ar deireadh, thacódh sí le beartais réigiúnacha agus dhéthaobhacha an AE, agus le gealltanais an AE maidir le próisis agus comhlachtaí comhair, idir réigiúnach agus idirnáisiúnta.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí an AE um chomhar eacnamaíoch, a chomhphlé gnó agus foirmeacha eile de ghníomhartha geilleagracha seachtracha bheith ina n-uirlis chumhachtach i dtaca le beartas seachtrach. D'fhéadfaidís rannchuidiú chun infheictheacht agus tionchar an AE a leathadh lasmuigh den AE. D'fhéadfadh sé sin tacú le huaillmhian na hEorpa teacht chun bheith ina príomhghníomhaí geilleagrach agus polaitiúil ar an ardán idirnáisiúnta ar bhonn déthaobhach agus laistigh de chomhlachtaí iltaobhacha amhail an G-20 araon.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh gníomhaíocht chomhpháirteach le Ballstáit an AE agus bealaí nuálacha chun acmhainní a shlógadh éirí níos minice agus níos indéanta faoin Ionstraim um Chomhpháirtíocht ná sa chás reatha faoin ICI. Beidh tuilleadh airgid ar fáil chun tacú le hoibríochtaí cómhaoinithe i gcomhar le forais nó gníomhaireachtaí de chuid Bhallstáit an AE um chúnamh déthaobhach nó airgeadais. De thoradh ar chlárú ilbhliantúil bheadh an gnó níos struchtúrtha agus níos comhtháite. Bheadh comhpháirtíochtaí poiblí agus príobháideacha níos fusa a bhaint amach, comhpháirtíochtaí ina mbeadh níos mó ná páirtí leasmhar amháin ó phobal gnó na hEorpa. D'fhéadfadh cumascadh deontas agus iasachtaí a bheith ina rogha tosaíochta cibé uair ba chuí.

**Rogha na hionstraime**

Measann an Coimisiún go gcruthófaí riosca teannais idir cuspóirí difriúla agus go bhféadfadh go mbeadh moilleanna suntasacha ar chinnteoireacht agus ar chur chun feidhme mar gheall ar leathnú raon feidhme na hIonstraime maidir le Comhar um Fhorbairt chun gníomhaíocht neamhfhorbartha a chumhdach. Molann sé ionstraim dhomhanda aonair nua a chruthú lena ndíreofaí ar phríomhleasanna an AE a chosaint agus ar dhul i ngleic le dúshláin is cúraimí domhanda le raon gníomhaíochtaí arna sainiú go soiléir. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún ionstraim nua a bheartú.

Measstar gurb ionann an rogha is fearr agus togra a chur síos le haghaidh ionstraime nua. Tá comhaontú ginearálta ann maidir le forbairt a dhéanamh ar an tacar reatha ionstraimí airgeadais, cé gur riachtanach na hathruithe institiúideacha de thoradh ar Chonradh Liospóin a léiriú. Faoin rogha seo, d'fhanfadh struchtúr reatha na n-ionstraimí, atá oiriúnach agus leordhóthanach de réir páirtithe leasmhara agus Bhallstáit an AE, gan athrú den chuid is mó. Mar sin féin, rannchuideoidh Ionstraim nua um Chomhpháirtíocht, a mbeadh cumhdach domhanda agus cuspóirí spriocdhírithe aici, le hoiriúnú críochnúil na modhanna reatha maidir le ceapadh beartais, clárú agus torthaí a bhaint amach.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Is ionann EUR 1 131 milliún san iomlán, ag praghsanna reatha, thar an tréimhse 2014-2020 agus an leithdháileadh airgeadais arna bheartú don Ionstraim um Chomhpháirtíocht. Tá an méid seo i gcomhréir le Ceannteideal 4 "an Eoraip Dhomhanda" den Chreat Airgeadais arna bheartú do 2014-2020.

D'fhonn a intuarthacht a áirithiú, soláthrófar cistiú i leith gníomhaíochtaí ardoideachais i dtríú tíortha i gcomhthéacs an chláir "*Erasmus for All*" ("Erasmus do Chách"), i gcomhréir le cuspóirí an AE i dtaobh gníomhaíochta seachtraí, trí bhíthin dhá leithdháileadh ilbhliantúla nach gcuimseoidh ach na chéad ceithre bliana agus na trí bliana ina dhiaidh sin faoi seach. Beidh an cistiú sin léirithe i gclárú táscach ilbhliantúil na hIonstraime um Chomhpháirtíocht, i gcomhréir leis na riachtanais agus na tosaíochtaí a aithníodh sna tíortha lena mbaineann. D'fhéadfaí na leithdháiltí a athbhreithniú i gcás mórchúinsí gan choinne nó athruithe tábhachtacha polaitiúla i gcomhréir le tosaíochtaí seachtracha an AE. Beidh feidhm ag forálacha Rialachán (AE) Uimh. [--] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear "Erasmus do Chách"[5] maidir le húsáid na gcistí sin.

## 5. EILIMINTÍ ROGHNACHA

*Simpliú*

Tosaíocht amháin don Choimisiún sa Rialachán nua seo, mar atá i gcláir eile faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, is ea an timpeallacht rialála a shimpliú agus rochtain ar chúnamh an Aontais a éascú do thíortha comhpháirtíochta agus do réigiúin chomhpháirtíochta, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, etc. sa mhéid go saothróidh siad cuspóirí an Rialacháin.

Éascóidh Rialachán na hIonstraime nua um Chomhpháirtíocht glacadh níos tapa beart cur chun feidhme agus, ar an gcaoi sin, tuilleadh saoirse maidir le comhar. Ina theannta sin, trí athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais, atá substaintiúil go háirithe i dtaca leis na forálacha speisialta maidir le gníomhaíocht sheachtrach, éascófar rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus fiontar beag agus meánmhéide i gcláir chistithe, mar shampla trí rialacha a shimpliú, trí chostais na rannpháirtíochta a laghdú agus trí nósanna imeachta deonaithe a luathú. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún an Rialachán seo a chur chun feidhme trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta solúbtha nua dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais athbhreithnithe.

[5] OJ L …

Cuimsítear na rialacha cur chun feidhme le Rialachán (AE) Uimh. [--] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [--] lena mbunaítear na comhrialacha agus na nósanna imeachta coiteanna maidir le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach.

2011/0411 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Ionstraim um Chomhpháirtíocht le haghaidh comhair le tríú tíortha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2), Airteagal 209(1) agus Airteagal 212(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é atá sa Rialachán seo ceann amháin de na hionstraimí a chuireann tacaíocht dhíreach ar fáil do bheartais sheachtracha an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh sé ionadú ar Rialachán Uimh. 1934/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 lena mbunaítear ionstraim mhaoinithe um chomhar le tíortha agus críocha tionsclaithe agus ardioncaim eile[6].

(2) Le deich mbliana anuas, is go seasta a neartaíonn an tAontas a chaidreamh déthaobhach le raon leathan tíortha agus críoch tionsclaithe agus ardioncaim eile ar fud réigiún éagsúil ar domhan, go príomha i Meiriceá Thuaidh, san Áise Thoir agus san Astraláise, ach san Áise Thoir Theas agus i réigiún na Murascaille freisin.

(3) Ina theannta sin, ón mbliain 2007 i leith treisíonn an tAontas agus neartaíonn sé a chomhar agus a chomhpháirtíocht le tíortha i mbéal forbartha agus le tíortha idirlinne san Áise, san Áise Láir, i Meiriceá Laidineach agus leis an Iaráic, leis an Iaráin, le hÉimin, leis an Afraic Theas ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 1905/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 lena mbunaítear ionstraim maoinithe maidir le comhar um fhorbairt (DCI).

(4) Tá raon feidhme an chomhair faoi na cláir gheografacha le tíortha, críocha agus réigiúin i mbéal forbartha arna mbunú faoin Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt teoranta do bhearta airgeadais arna gceapadh d'fhonn na critéir a chomhlíonadh arna socrú le haghaidh cúnaimh fhorbartha oifigiúil (CFO) arna shocrú ag an gCoiste Cúnaimh Fhorbartha den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (CCF/ECFE).

[6] IO L 405, 30.12.2006.

(5) Bunaíodh gníomhartha ullmhúcháin amhail idirphlé gnó, cur chun cinn na trádála agus malartuithe eolaíocha d'fhonn comhar a threisiú agus a neartú i réimsí lasmuigh de raon feidhme na hIonstraime maidir le Comhar um Fhorbairt leis an India agus leis an tSín agus le tíortha grúpa meánioncaim san Áise agus i Meiriceá Laidineach.

(6) Ina theannta sin, tá neartú á dhéanamh ag an Aontas ar a chaidreamh déthaobhach le tíortha meánioncaim eile i mbéal forbartha a bhfuil tábhacht mhéadaithe acu san Áise agus i Meiriceá Laidineach trí bhíthin idirphlé comhpháirtíochta comhair agus beartais a leathnú do réimsí agus d'ábhair thar chomhar forbartha. I gcás na Rúise, tá éabhlóid tagtha ar chaidreamh, lena n-áirítear trí Chomhpháirtíocht an Aontais-na Rúise don Nuachóiriú, rud a leagann béim ar thábhacht na Rúise mar chomhpháirtí straitéiseach don Aontas i gcaidreamh déthaobhach agus i ngnóthaí domhanda araon.

(7) Tá sé chun leasa an Aontais a chaidreamh le comhpháirtithe a neartú a bhfuil ról tábhachtach méadaithe acu i dtrádáil agus sa gheilleagar idirnáisiúnta, i dtrádáil agus i gcomhar theas-theas, i bhfóraim iltaobhacha, lena n-áirítear Grúpa an Fhichead Airí Airgeadais agus Gobharnóirí Bainc Cheannais (G20), i rialachas domhanda agus i ndul i ngleic le dúshláin is cúraimí domhanda. Ní mór don Aontas comhpháirtíochtaí cuimsitheacha a fhorbairt le gníomhaithe nua ar an ardán idirnáisiúnta, d'fhonn ord idirnáisiúnta seasmhach cuimsitheach a chur chun cinn, earraí poiblí domhanda coiteanna a shaothrú, príomhleasanna an Aontais a chosaint agus eolas an Aontais a mhéadú sna tíortha sin.

(8) Teastaíonn ón AE ionstraim airgeadais a bhfuil raon feidhme domhanda aici lena gceadaítear maoiniú na mbeart nach gcáileodh, b'fhéidir, mar chúnamh forbartha oifigiúil ach atá ríthábhachtach maidir le treisiú agus le comhdhlúthú a chaidrimh leis na tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann, go háirithe trí idirphlé beartais agus trí fhorbairt comhpháirtíochtaí.

(9) D'ainneoin an fhócais shonraigh ar ghníomhaithe domhanda, ba cheart a bheith i raon feidhme an Rialacháin seo cumasúchán domhanda chun tacú le bearta comhair le tíortha i mbéal forbartha ina bhfuil leasanna móra ag an Aontas, i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo.

(10) Sa straitéis Eoraip 2020[7] d'athdhearbhaigh an tAontas a ghealltanas marthanach chun cur chun cinn a dhéanamh ina chuid beartas inmheánach agus seachtrach ar fhás cliste, cuimsitheach agus inbhuanaithe a thugann trí cholún le chéile: colún eacnamaíoch, colún sóisialta agus colún an chomhshaoil.

(11) Tá an tAontas tiomanta maidir lena chaidreamh lena chomhpháirtithe do chaighdeán maith oibre a chur chun cinn do chách maille le daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach na gcaighdeán saothair atá aitheanta go hidirnáisiúnta agus na gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil.

(12) Aithnítear, go háirithe, go bhfuil an comhrac i gcoinne an athraithe aeráide ar cheann de na dúshláin mhóra atá le sárú ag an Aontas agus ar an réimse ina bhfuil gá práinneach le gníomhaíocht idirnáisiúnta. I gcomhréir leis an rún atá luaite sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *A Budget for Europe 2020* (Buiséad don Eoraip 2020)[8]

---

7 "Eoraip 2020": Straitéis maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach" COIM (2010) 2020.

8 COIM/2011/500.

maidir leis an gcuid sin de bhuiséad an Aontais a bhaineann leis an aeráid a mhéadú go 20% ar a laghad, ba cheart go rannchuideofaí tríd an Rialachán seo le baint amach na sprice sin.

(13) Tá an tAontas tiomanta do chuidiú le baint amach na spriocanna bithéagsúlachta domhanda 2020 agus don Straitéis ghaolmhar maidir le húsáid acmhainní a bhaint amach.

(14) Faoin Rialachán seo, ba cheart don Aontas tacú le cur chun feidhme na straitéise Eoraip 2020, go háirithe cuspóirí a bhaineann le hathrú aeráide, leis an trasdul go geilleagar níos glaise agus go héifeachtúlacht acmhainní, trádáil agus infheistíocht, comhar gnólachta agus rialála le tríú tíortha, agus ba cheart dó taidhleoireacht phoiblí, comhar oideachais/acadúil agus gníomhaíochtaí for-rochtana a chur chun cinn.

(15) Ina theannta sin, ba cheart do chur chun cinn tionscnamh éagsúlaithe comhair agus comhpháirtíochta laistigh d'ionstraim aonair barainneachtaí scála, éifeachtaí sineirge, breis éifeachtúlachta, cinnteoireacht agus bainistíocht níos simplithe agus ardchéim infheictheachta do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a éascú.

(16) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, is gá cur chuige difreálaithe agus solúbtha a shaothrú trí bhíthin samhlacha a fhorbairt le haghaidh comhair le tíortha comhpháirtíochta tábhachtacha lena gcuirtear san áireamh a gcomhthéacsanna eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla, chomh maith le leasanna sonracha an Aontais, tosaíochtaí beartais agus straitéisí, fad is a gcoinneofar an cumas chun idirghabháil a dhéanamh ar fud an domhain nuair is gá.

(17) Ba cheart don Aontas a bheith ábalta freagairt, ar mhodh solúbtha agus tráthúil, ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ar riachtanais gan choinne d'fhonn a ghealltanas ar mhaithe lena leasanna a chur chun cinn ina chaidreamh le tríú tíortha a dhéanamh níos éifeachtaí, trí bhearta speisialta nach raibh cumhdaithe ag cláir ilbhliantúla tháscacha a ghlacadh.

(18) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr dá bhrí sin, de bharr fhairsinge na gníomhaíochta, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Chonradh an Aontais Eorpaigh é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, de réir mar atá sé leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(19) D'fhonn raon feidhme an Rialacháin seo a oiriúnú don chás atá ag athrú go tapa i dtríú tíortha, ba cheart cumhacht a tharmligean don Choimisiún chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil leis na réimsí mionsonraithe comhair a shainítear san Iarscríbhinn. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(20) Chun dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán Uimh. 182/2011 an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí rialaithe ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[9]. Agus aird á tabhairt ar chineál na ngníomhartha cur chun feidhme sin, go háirithe an treo a bhfuil a mbeartas ag dul nó a n-impleachtaí airgeadais, ba cheart, go ginearálta, an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid le haghaidh a nglactha, ach amháin le haghaidh beart teicniúil cur chun feidhme ar mhionscála airgeadais.

(21) Tá comhrialacha agus nósanna imeachta coiteanna maidir le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais do ghníomhaíocht sheachtrach leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ..., dá ngairtear ‘an Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme’ anseo feasta.

(22) Tá tuairisc ar eagrúchán agus ar fheidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí i gCinneadh 2010/427 AE ón gComhairle,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Ábhar agus cuspóirí***

(1) Bunaíonn an Rialachán seo Ionstraim um Chomhpháirtíocht le haghaidh comhair le tríú tíortha chun leasanna coiteanna an AE a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn. Tacóidh an Ionstraim um Chomhpháirtíocht le bearta a fhreagraíonn, ar mhodh éifeachtach solúbtha, ar chuspóirí a eascraíonn as caidreamh déthaobhach, réigiúnach nó iltaobhach an Aontais le tríú tíortha agus a théann i ngleic le dúshláin is údair imní don domhan ar fad.

(2) Léireoidh na bearta a bheidh le maoiniú faoin Ionstraim seo na cuspóirí sonracha seo a leanas de chuid an Aontais:

(a) gné idirnáisiúnta na straitéise Eoraip 2020 a chur chun feidhme trí thacú le straitéisí comhpháirtíochta comhair déthaobhacha, réigiúnacha agus idir-réigiúnacha, trí idirphlé beartais a chur chun cinn agus trí chur chuige agus freagairtí comhchoiteanna a fhorbairt ar dhúshláin is údar imní don domhan ar fad, amhail slándáil fuinnimh, athrú aeráide agus an comhshaol. Déanfar an cuspóir seo a thomhas de réir roghnú bheartais agus cuspóirí Eoraip 2020 ag tíortha comhpháirtíochta tábhachtacha;

(b) rochtain ar an margadh a fheabhsú agus deiseanna trádála, infheistíochta agus gnó do chomhlachtaí Eorpacha a fhorbairt trí bhíthin comhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus trí chomhar gnólachta agus rialála. Déanfar an cuspóir seo a thomhas de réir scair an Aontais i dtrádáil eachtrach le tíortha comhpháirtíochta tábhachtacha agus de réir sreafaí infheistíochtaí go tíortha

[9] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

comhpháirtíochta a ndírítear orthu le gníomhaíochtaí, le cláir agus le bearta faoin Rialachán seo;

(c) tuiscint agus infheictheacht leathan an Aontais agus a róil ar an ardán domhanda a fheabhsú trí bhíthin taidhleoireachta poiblí, comhair acadúil/oideachais agus gníomhaíochtaí for-rochtana chun leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn. Féadfar an cuspóir seo a thomhas, *inter alia*, de réir suirbhéanna tuairimí nó meastóireachtaí.

*Airteagal 2*

***Raon feidhme***

(1) Féadfaidh gach tríú tír, réigiún agus críoch a bheith incháilithe le haghaidh comhair faoin Rialachán seo.

(2) Mar sin féin, tacóidh an Rialachán seo go príomha le bearta comhair le tíortha forbartha agus le tíortha i mbéal forbartha a bhfuil ról tábhachtach méadaithe acu sa gheilleagar agus i dtrádáil idirnáisiúnta i bhfóraim iltaobhacha, i rialachas domhanda agus i ndul i ngleic le dúshláin is cúraimí domhanda agus mar a bhfuil leasanna suntasacha ag an Aontas.

*Airteagal 3*

***Prionsabail ghinearálta***

(1) Is é aidhm an Aontais prionsabail na saoirse, an daonlathais, meas ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha agus riail an dlí ar a bhfuil sé bunaithe a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chomhdhlúthu trí bhíthin comhphlé agus trí bhíthin comhair le tríú tíortha.

(2) D’fhonn feabhas a chur ar thionchar chúnamh an Aontais, saothrófar cur chuige difreálaithe agus solúbtha, nuair is iomchuí, agus comhar á dhearadh le tíortha comhpháirtíochta chun aird a thabhairt ar a gcomhthéacsanna eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla agus ar leasanna sonracha, tosaíochtaí beartais agus straitéisí an Aontais freisin.

(3) Faoi chuimsiú a réimsí inniúlachta faoi seach, cuirfidh an tAontas agus na Ballstáit cur chuige iltaobhach chun cinn maidir le dúshláin dhomhanda agus cothóidh siad comhar le heagraíochtaí agus comhlachtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha, lena n-áirítear institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, gníomhaireachtaí, cistí agus cláir na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíoch, agus Grúpa an Fhichead Airí Airgeadais agus Gobharnóirí Bainc Cheannais (G20) agus deontóirí déthaobhacha eile.

(4) Le linn chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh sé mar aidhm an Aontais comhchuibheas agus comhsheasmhacht le réimsí eile a ghníomhaíochta seachtraí a áirithiú, go háirithe an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt maidir le tíortha i mbéal forbartha, agus le beartais ábhartha eile an Aontais le linn dó beartas, pleanáil straitéiseach agus bearta cláraithe agus cur chun feidhme a cheapadh.

(5) Bunófar bearta arna maoiniú faoin Rialachán seo, nuair is iomchuí, ar bhearta comhair atá leagtha amach in ionstraimí amhail comhaontuithe, dearbhuithe agus pleananna gníomhaíochta idir an tAontas agus na tríú tíortha agus réigiúin lena mbaineann, agus bainfidh siad freisin le réimsí atá ceangailte le leasanna sonracha, tosaíochtaí beartais agus straitéisí an Aontais.

(6) Cuirfear tacaíocht an Aontais faoin Rialachán seo chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme.

*Airteagal 4*

***Réimsí comhair***

Tá réimsí mionsonraithe comhair a bheidh le saothrú ag cúnamh an Aontais faoin Rialachán seo liostaithe san Iarscríbhinn. Tabharfar de chumhacht don Choimisiúin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 7 chun an Iarscríbhinn a leasú nó a fhorlíonadh.

*Airteagal 5*

***Clárú agus leithdháileadh táscach cistí***

(1) Glacfaidh an Coimisiún cláir ilbhliantúla tháscacha i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15 (3) den Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme. Beidh feidhm ag an nós imeachta seo maidir le hathbhreithniúcháin shubstaintiúla a bhfuil an tionchar acu an straitéis nó a clárú a athrú go suntasach.

(2) Leagfaidh na cláir ilbhliantúla tháscacha amach leasanna agus tosaíochtaí straitéiseacha agus frithpháirteacha, cuspóirí sonracha agus torthaí ionchais an Aontais. Maidir le tíortha nó réigiúin ar bunaíodh Doiciméad Comh-Chreata ina leith, lena leagtar síos straitéis chuimsitheach an Aontais, beidh na cláir ilbhliantúla tháscacha bunaithe ar an doiciméad seo.

(3) Leagfaidh na cláir ilbhliantúla tháscacha amach réimsí tosaíochta arna roghnú le haghaidh maoinithe ón Aontas agus leagfaidh siad amach cionroinnt airgeadais táscach na gcistí, san iomlán, in aghaidh na réimse tosaíochta agus in aghaidh na tíre comhpháirtíochta nó an ghrúpa tíortha comhpháirtíochta don tréimhse lena mbaineann, lena n-áirítear an rannpháirtíocht i dtionscnaimh dhomhanda; d'fhéadfadh go léireofaí na méideanna seo, nuair is iomchuí, i bhfoirm raoin.

(4) Oiriúnófar na cláir ilbhliantúla tháscacha nuair is iomchuí, lena gcuirtear san áireamh aon athbhreithnithe meántréimhseacha nó ad hoc a dhéantar ar an doiciméad tagartha ar a bhfuil siad bunaithe.

(5) D'fhéadfadh go mbunófaí Cúlchiste le haghaidh cistí neamh-leithdháilte sna cláir ilbhliantúla tháscacha. Cinnfear leithdháileadh na gcistí seo i gcomhréir leis an Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme.

(6) Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear i mír (1) maidir le leasuithe neamhshubstaintiúla ar chláir ilbhliantúla tháscacha, le coigeartuithe

teicniúla a dhéanamh, le cistí laistigh de na leithdháiltí táscacha de réir réimse tosaíochta a athshannadh, nó le méid an leithdháilte fhoriomláin thosaigh a mhéadú nó a laghdú níos lú ná 20%, ar an gcoinníoll nach dtéann na leasuithe seo i bhfeidhm ar na réimsí tosaíochta agus ar na cuspóirí atá leagtha amach sna cláir ilbhliantúla tháscacha seo. Cuirfear na coigeartuithe sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle laistigh de mhí amháin.

(7) Féadfar an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 15(4) den Rialachán Coiteann Cur Chun Feidhme a fheidhmiú le haghaidh cláir ilbhliantúla tháscacha a leasú i gcás ina n-éilítear freagairt mhear ón Aontas.

*Airteagal 6*

***Coiste***

Tabharfaidh coiste na hIonstraime um Chomhpháirtíocht cúnamh don Choimisiún. Is é a bheidh sa Choiste sin Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 7*

***Tarmligean a fheidhmiú***

(1) Déanfar tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 a thabhairt ar feadh thréimhse bhailíochta an Rialacháin seo.

(2) Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta a chúlghairm tráth ar bith. Nuair a dhéanfar cinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ag dáta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

(3) A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

(4) Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ngníomh nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, cuirfear 2 mhí leis an tréimhse sin..

*Airteagal 8*

***Méid tagartha airgeadais***

1. EUR 1 131 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun an Rialachán seo a chur chun feidhme sa tréimhse 2014-2020. Cinnfidh an t-údarás buiséadach na

leithreasaí bliantúla mar chuid den nós imeachta buiséadach bliantúil faoi chuimsiú na dteorainneacha arna socrú sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil.

2. Mar a thagraítear dó i mír 2 d'Airteagal 13 den Rialachán "Erasmus do Chách", d'fhonn gné idirnáisiúnta an ardoideachais a chur chun cinn, déanfar méid táscach EUR 1 812 100 000 ó na hionstraimí seachtracha éagsúla (an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt, an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht, an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, an Ionstraim um Chomhpháirtíocht agus an Ciste Eorpach Forbraíochta) a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama go dtí tíortha neamh-AE agus uathu agus ar chomhar agus idirphlé beartais le húdaráis/institiúidí/eagraíochtaí sna tíortha sin. Beidh feidhm ag forálacha an Rialacháin "Erasmus do Chách" maidir le húsáid na gcistí sin.

   Cuirfear an cistiú ar fáil trí dhá leithdháileadh ilbhliantúla nach gcuimseoidh ach na chéad ceithre bliana agus na trí bliana ina dhiaidh sin faoi seach. Beidh an cistiú sin léirithe i gclárú táscach ilbhliantúil na n-ionstraimí sin, i gcomhréir leis na riachtanais agus na tosaíochtaí a aithníodh sna tíortha lena mbaineann. D'fhéadfaí na leithdháiltí a athbhreithniú i gcás mórchúinsí gan choinne nó athruithe tábhachtacha polaitiúla i gcomhréir le tosaíochtaí seachtracha an AE.

*Airteagal 9*

***An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí***

Is i gcomhréir le Cinneadh 2010/427 AE ón gComhairle, lena mbunaítear eagraíocht agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí a chuirfear chun feidhme an Rialachán seo.

*Airteagal 10*

***Teacht i bhfeidhm***

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2014 ar aghaidh.*

2. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN

## RÉIMSÍ MIONSONRAITHE COMHAIR FAOIN IONSTRAIM UM CHOMHPHÁIRTÍOCHT

Le tacú leis na cuspóirí dá bhforáiltear in Airteagal 1, d'fhéadfadh go gcuirfí na réimsí comhair seo a leanas, *inter alia*, san áireamh sa chúnamh ón Aontas:

(a) tacú le tionscnaimh shonracha, lena n-áirítear obair thaighde, staidéir, treoirscéimeanna nó comhthionscadail atá ceaptha chun freagairt, ar mhodh éifeachtach solúbtha, ar chuspóirí comhair a thagann as caidreamh an Aontais leis na tríú tíortha lena mbaineann;

(b) cur chun cinn comhair, comhpháirtíochtaí agus gnóthas comhpháirteach idir gníomhaithe eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, rialtais agus eolaíocha san Aontas agus i dtríú tíortha;

(c) éascú caidreamh trádála agus próiseas comhtháthaithe trádála (agus tacú leo), lena n-áirítear trádáil theas-theas, tacaíocht do shreafaí infheistíochta agus do chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha an Aontais, lena gcuirtear san áireamh fócas ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide;

(d) cur chun cinn idirphlé beartais agus earnála lena bhfuil baint ag gníomhaithe polaitiúla, eacnamaíocha, rialála, comhshaoil, sóisialta, taighde agus cultúrtha agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha de chuid an Aontais agus nach de chuid an Aontais iad;

(e) cur chun cinn gníomhaíochtaí for-rochtana, malartuithe intleachta agus feabhsú idirphlé idirchultúrtha;

(f) cur chun cinn tionscnaimh agus gníomhaíochtaí chun leasa an Aontais nó chun leasa fhrithpháirtigh i réimsí amhail athrú aeráide, cúrsaí comhshaoil, lena n-áirítear bithéagsúlacht, éifeachtúlacht acmhainne, amhábhair, fuinneamh, iompar, eolaíocht, taighde agus nuálaíocht, beartas fostaíochta agus sóisialta, forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear cur chun cinn oibre fónta, agus cúrsaí a bhaineann le freagracht chorparáideach shóisialta, le trádáil agus comhar theas-theas, le hoideachas, le cultúr, le turasóireacht, le teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide, le sláinte, leis an gceart, le custam, le cánachas agus le cúrsaí airgeadais, staidrimh agus aon chúrsa eile a bhaineann le leasanna sonracha an Aontais nó leis an leas coiteann idir an tAontas agus tríú tíortha;

(g) feabhas ar fheasacht agus ar an tuiscint ar an Aontas agus ar a infheictheacht i dtríú tíortha.

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ**

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

**Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (CE) Uimh. ..... lena mbunaítear Ionstraim um Chomhpháirtíocht le haghaidh comhair le tríú tíortha**

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[10]

Teideal **19: Caidreamh seachtrach**

**Gníomhaíocht 19 05:** Caidreamh agus comhar le tríú tíortha tionsclaithe.

Freagraíonn teideal na caibidle buiséid seo, 19 05, do struchtúr reatha na n-ionstraimí airgeadais 2007-2013. Tá sé beartaithe an ghníomhaíocht chéanna, 19 05, a choimeád ach teideal na caibidle seo a leasú don tréimhse 2014-2020 mar a leanas:

***19 05 : Comhar le tríú tíortha faoin Ionstraim um Chomhpháirtíocht***

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht**[11]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Tá sé mar aidhm ag an ionstraim maoinithe seo tacú leis an gcuspóir straitéiseach seo a leanas mar atá luaite sa Teachtaireacht ón gCoimisiún “Straitéis um Buiséad don Eoraip 2020 - Cuid II" an 29 Meitheamh 2011 (COIM/2011/500 - Straitéis um Buiséad don Eoraip 2020 - Cuid II. Cáipéis Beartais "Gníomhaíocht Sheachtrach", lch 42):

“Ba cheart neartú a dhéanamh arís eile ar bheartais an AE a fhortheilgean chun tacú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin uilíocha móra amhail an t-athrú aeráide a chomhrac, caillteanas na bithéagsúlachta a aisiompú, agus earraí agus acmhainní uilíocha a chosaint. Tá sé beartaithe an gCoimisiún clár oibre réamhghníomhach de leasanna an AE agus de leasanna coiteanna a fhorbairt le tríú tíortha, agus fócas sonrach á chur ar chomhpháirtithe straitéiseacha an AE.”

---

10 ABM: Bainistiú de réir Gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an Bhuiséid de réir Gníomhaíochtaí.

11 Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Faoi ghníomhaíocht 19 05, saothrófar na trí chuspóir shonracha seo a leanas:
1) an ghné idirnáisiúnta den straitéis Eoraip 2020 a chur i bhfeidhm trí thacaíocht a thabhairt do straitéisí comhpháirtíochta an Aontais um chomhar déthaobhach, réigiúnach agus idir-réigiúnach, trí chomhphlé beartais a chur chun cinn agus trí chur chuige comhchoiteann agus freagraí comhchoiteanna a fhorbairt ar dhúshláin atá de chúram uilíoch.

2) feabhas a chur ar rochtain ar an margadh agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna trádála, infheistíochta agus gnó do chuideachtaí na hEorpa trí bhíthin comhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus comhair rialála.

3) feabhas a chur ar láithreacht láidir na hEorpa sa gheilleagar uilíoch agus ar a ról ar stáitse an domhain trí thacaíocht a thabhairt do thaidhleoireacht phoiblí, do chomhar oideachais/acadúil agus do ghníomhaíochtaí agus líonraí for-rochtana chun luachanna agus leasanna an AE a chur chun cinn.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Ní mór ath-theideal a chur ar ghníomhaíocht 19 05 mar seo a leanas: ***Comhar le tríú tíortha faoin Ionstraim um Chomhpháirtíocht***

*1.4.3 An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

Chuirfeadh Ionstraim nuálach um Chomhpháirtíocht ar chumas an AE a chuid beartas a bhrú ar aghaidh ar fud an domhain.

*An tionchar ar gheilleagar an AE agus ar idirphlé eacnamaíoch an AE le tíortha comhpháirtíochta*

Trí bhíthin Ionstraim nua um Chomhpháirtíocht a chur chun feidhme, bheadh deis eile ag an AE chun a chuid fiontar (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide go háirithe) agus a tháirgí a chur chun cinn. Chruthódh sí deis airgeadais chun tacú le gnóthais an AE i dtríú tíortha, rud a sholáthródh dreasachtaí d'iomaíochas agus do nuálaíocht an AE ar shlí a chomhlánódh i gcónaí na gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gClár um Iomaíochas agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus faoi Horizon 2020 (taighde agus nuálaíocht) agus a thacódh le trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta an AE, rud a d'fhéadfadh infheistíocht eachtrach san AE a éascú dá éis. D'fhéadfaí roinnt réimsí de chomhar a shaothrú, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, an comhshaol, comhfhogasú rialachán teicniúil agus caighdeánaithe, freagracht shóisialta chorparáideach, cearta maoine intleachtúla, cosaint sonraí pearsanta, dea-chleachtas i gcúrsaí eacnamaíocha, trádála, cánach agus airgeadais, trádáil theas-theas agus comhar. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí slándáil eacnamaíoch an AE a neartú agus poist nua a chruthú, rud a chuideodh, faoi dheoidh, le fás eacnamaíoch.

D'fhéadfadh an Ionstraim sin atreisiú a dhéanamh ar chaidreamh trádála an AE trí thionchar dearfach a bheith ag tíortha comhpháirtíochta ar iarmhéid na n-íocaíochtaí, agus caidreamh eacnamaíoch agus trádála de chuid an AE leis an gcuid eile den domhan agus iad a bheith ag teacht leis na prionsabail a bhaineann le rochtain ar an margadh/an margadh oscailte ag an am céanna. Mar sin de, d'fhéadfadh sí rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le cosantachas chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'iomaíochas idirnáisiúnta agus don phróiseas domhandaithe leanúnach freisin, agus í ag áirithiú go mbainfidh gach tír tairbhe asti i gcomhréir le prionsabail na straitéise Eoraip 2020.

Rannchuideodh an Ionstraim nua um Chomhpháirtíocht le tacú le hiomaíochas an AE trí fhorbairt spriocdhírithe acmhainní daonna freisin: tá infhaighteacht na ndaoine ard-oilte agus a gcumas a bheith nuálach agus tabhairt faoi fhorbairt eolaíoch agus teicneolaíochta a dhéanamh ina réamhriachtanas le haghaidh rathúnais eacnamaíoch.

*An tionchar eacnamaíoch ar thíortha comhpháirtíochta*

D'fhéadfadh an Ionstraim nua foirmeacha comhair eacnamaíoch atá forbartha go maith a chothú idir an AE agus tíortha comhpháirtíochta. Sa chomhthéacs sin, bheadh deis ag an AE a áirithiú go dtugtar aird imleor ar luachanna comhshaoil, luachanna fuinnimh inbhuanaithe, luachanna sóisialta, luachanna fostaíochta agus luachanna leasa eile nach iad agus beartais agus cláir á ndearadh agus á gcur chun feidhme.

Rannchuideodh infheistíocht mhéadaithe ó thíortha an AE le fás eacnamaíoch sa tír óstála. Déanfaidh gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh Freagracht Shóisialta Chorparáideach a chur chun cinn feabhas a chur ar rialacha sóisialta, saothair agus comhshaoil sa tír chomhpháirtíochta.

Trí chúnamh teicniúil a thabhairt, d'fhéadfadh an Ionstraim bealaí inbhuanaithe a aithint le haghaidh comhdhlúthaithe fhioscaigh fáis, rud a chuideodh le tíortha maidir lena gcuid iarrachtaí chun smacht a fháil ar a gcuid cuntas. D'fhéadfadh sí tacú freisin le tionscnaimh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, ar úsáid tháirgiúil íocaíochtaí oibrithe agus chun infheistíochtaí nua agus aistrithe na teicneolaíochta a chur chun cinn i gcláir thionsclaíochta náisiúnta nó i bhforbairtí bonneagair náisiúnta d'fhonn éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht acmhainní a chur chun cinn, go háirithe maidir le táirgeadh agus úsáid fuinnimh.

*An tionchar ar rialachas eacnamaíoch*

Táthar ag súil freisin go mbeidh tionchar ag an Ionstraim um Chomhpháirtíocht ar rialachas eacnamaíoch. Foghlaimíodh ceachtanna deacra maidir le teorainneacha na margaí mar gheall ar an ngéarchéim. D'iarr sí ról an rialtais a athbhreithniú, an chothromaíocht idir stát agus margadh a athshainiú agus dul ar lorg bealaí chun muinín na saoránach sa dá cheann acu a mhéadú.

Léirigh an ghéarchéim go bhfuil beartais phoiblí ar an rud is tábhachtaí maidir le geilleagair náisiúnta nuair a bhíonn míshuaimhneas eacnamaíoch ann mar chuir rialtais saorthitim an mhargaidh airgeadais ina stad agus sheachain siad tubaiste airgeadais. Mar sin féin, mhéadaigh na brúnna fioscacha ina dhiaidh sin i mórán tíortha an gá atá le caiteachas poiblí a laghdú, rud a chiallaíonn sruthlíniú a dhéanamh ar an stát i bhformhór na gcásanna. Trí bhíthin na hiarrachta seo, iarrtar ról na hidirghabhála rialtais a athmheas d'fhonn rialachas níos fearr agus níos éifeachtaí, institiúidí fónta agus rialacha agus nósanna imeachta éifeachtacha a bhaint amach.

Tagraítear i saincheist thábhachtach eile rialachais do fhrith-éilliú, do thrédhearcacht agus do shláine. D'fhéadfaí an ionstraim nua a dhíriú ar uirlisí frith-éillithe a fheabhsú agus a gcur chun feidhme a threisiú. D'fhéadfadh tionscnaimh nua feabhas a chur ar chomhordú gníomhaíochtaí frith-éillithe agus trédhearcachta ar fud an domhain, agus ar chomhlíonadh coinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha, "dea-chleachtas" agus treoirlínte.

Ar deireadh, beidh cur chun cinn rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe straitéiseacha i gceapadh beartais uilíoch agus comhshaoil agus i rialachas uilíoch agus comhshaoil, go háirithe maidir le Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil ríthábhachtach maidir le hathrú eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn.

*An tionchar sóisialta ar gheilleagar an AE*

Is í uaillmhian an AE aghaidh a thabhairt ar bheartais shóisialta idirnasctha agus treoshuímh straitéiseacha a aithint a théann níos faide ná fás. D'fhéadfaí í sin a fheabhsú trí chomhar eacnamaíoch le tíortha comhpháirtíochta, trí chreataí rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta a neartú agus trí rannchuidiú le rialachas eacnamaíoch feabhsaithe náisiúnta, réigiúnach nó uilíoch. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag na straitéisí sin agus ag an gcur chuige sin ar bheartais fostaíochta agus shóisialta de chuid an AE, amhail samhail leasa an AE um chosaint shóisialta, cruthú post "glas", agus clár oibre sóisialta "an AE 2020" etc. D'fhéadfadh iomaíocht ag fás ó gheilleagair atá ag teacht chun cinn gníomhú mar dhreasacht straitéiseach don Eoraip maidir le níos mó acmhainní a chionroinnt ar oiliúint agus ar athoiliúint, ar chaighdeán an teagaisc agus an taighde a fheabhsú agus ar chórais leasa intíre a athchóiriú.

*An tionchar sóisialta ar thíortha comhpháirtíochta*

Trí ionstraimí airgeadais de chuid an AE agus de chuid Bhallstáit an AE a chomhchuibhiú agus trí thacú le gníomhaíochtaí comhpháirteacha le deontóirí déthaobhacha agus iltaobhacha eile, d'fhéadfadh tionchar tábhachtach a bheith ag an Ionstraim nua ar chreatlach shóisialta na dtíortha atá ag teacht chun cinn. D'fhéadfadh sí tacaíocht a chur ar fáil do na córais leasa a athchóiriú, do bheartais fostaíochta náisiúnta, do bheartais forbartha náisiúnta oiliúna agus scileanna, d'oideachas, d'acmhainn taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus do chláir thaighde agus nuálaíochta agus do "líontáin" sábhála náisiúnta. Is ábhartha a bheidh a cuid rannchuidithe le cruthú post "glas" breise, a cuid méaduithe ar ioncam in aghaidh an duine agus a cuid straitéisí um chomhtháthú sóisialta agus um an mbochtaineacht a mhaolú ar an leibhéal náisiúnta. I dtaca leis sin, rannchuideodh sí le cur chun feidhme rathúil an chláir oibre idirnáisiúnta shóisialta arna chur chun cinn ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair na Náisiún Aontaithe agus ag an G8/G20.

*An tionchar comhshaoil ar an AE agus ar thíortha comhpháirtíochta*

Beidh fás "glas" a dhéanamh inoibrithe, cur chun feidhme na straitéise agus tacú le tíortha comhpháirtíochta ina gcuid beartas acu le haghaidh bealaigh fáis níos éiceolaíche i measc na thosaíochtaí straitéiseacha na hIonstraime nua do na blianta atá le teacht.

Díreoidh comhpháirtíochtaí an AE tríd an Ionstraim nua ar fhás agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach comhshaoil a spreagadh agus ar thacú leo. Maidir leis sin, táthar ag súil go mbeidh ról tábhachtach ag an Ionstraim nua ó thaobh tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí agus d'idirphlé beartais i measc thíortha an AE agus tíortha comhpháirtíochta i dtaobh an chomhshaoil agus an athraithe aeráide.

D'fhéadfadh an Ionstraim tacú le samhail ghnó ísealcharbóin trí dhreasachtaí a sholáthar d'earnáil phríobháideach na hEorpa. Trí fhorbairt a dhéanamh ar na torthaí rathúla ó Chomhdháil COP-16 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i gCancún. d'fhéadfaí í a úsáid chun cabhrú le gnó an AE beartais éifeachtacha agus is lú costas a fhorbairt d'fhonn spriocanna atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a bhaint amach sna tíortha comhpháirtíochta. Chabhródh sé freisin le geilleagair thíortha comhpháirtíochta gach leas a bhaint as buntáistí comhshaoil, éiceolaíocha, agus éifeachtúlachta fuinnimh na nuálaíochta freisin.

D'fhéadfadh an Ionstraim comhar a cheadú trínar féidir tuiscint níos fearr a bheith ann ar na costais eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann le caillteanas na bithéagsúlachta agus le díghrádú an éiceachórais i dtíortha a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leo.

*1.4.4 Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

Déanfar faireachán ar na trí chuspóir shonracha trí na trí tháscaire seo a leanas:

1) Glacadh na mbeartas agus na gcuspóirí in Eoraip 2020 ag príomhthíortha comhpháirtíochta straitéisí agus tionchar ar cheapadh beartais sna tíortha sin.

2) Cion an AE i dtrádáil eachtrach le príomhthíortha comhpháirtíochta agus sreafaí trádála agus infheistíochta i gcomhair tíortha comhpháirtíochta a ndírítear gníomhaíochtaí, cláir agus bearta faoin Rialachán seo orthu go sonrach.

3) Léargas níos fearr agus comhthuiscint níos fearr ar an AE i bpríomhthíortha comhpháirtíochta straitéisí atá léirithe ag suirbhéanna inter alia nó ag meastóireachtaí.

**1.5. Na forais leis an togra/tionscnamh**

*1.5.1 Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Féach Meabhrán Míniúcháin an togra reachtaigh agus Measúnú Tionchair an togra reachtaigh:

Tá an Ionstraim um Chomhpháirtíocht arna beartú ceaptha d'fhonn teorannú chumas an AE a shárú chun teagmháil a dhéanamh go hidirnáisiúnta ar an mbealach is éifeachtaí. Chuirfeadh sí ar chumas an AE saothrú a dhéanamh le cumhachtaí nua ar chláir oibre sa bhreis ar chomhar um fhorbairt agus cosaint a dhéanamh ar chroíchlár oibre an AE ar fud an domhain le haon tír chomhpháirtíochta eile má bhíonn gá leis. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe den Ionstraim um chomhpháirtíocht arna beartú i gcomparáid leis an Ionstraim um Chomhar le Tíortha tionsclaithe roimhe seo:

**Cumhdach geografach: tionchar uilíoch,** le fócas speisialta ar chomhpháirtithe straitéiseacha (tíortha tionsclaithe, geilleagair atá ag teacht chun cinn, an Rúis).

**Cuspóir:** Fócas ar **leasanna an AE agus an straitéis Eoraip 2020** a chur chun cinn, trí fhreagairt ar bhealach éifeachtach agus solúbtha ar chuspóirí comhair a eascraíonn as **caidreamh déthaobhach/réigiúnach** an Aontais le tíortha comhpháirtíochta agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin is **údar imní do dhaoine ar fud an domhain**.

**Réimsí tosaíochta:** an ghné idirnáisiúnta den straitéis Eoraip 2020, comhphlé beartais, dúshláin de thábhacht uilíoch, comhar gnó agus rialála, comhar déthaobhach/ tríthaobhach / réigiúnach, taidhleoireacht phoiblí, comhar oideachais/acadúil agus for-rochtain.

**Clárú:** clárú nach bhfuil faoi cheangal cheanglais CFO, cláir ilbhliantúla um infheistíochtaí fadtéarmacha, forálacha nach bhfuil inchláraithe maidir le freagairt go tapa ar thimpeallachtaí atá ag athrú agus ar ghníomhaíochtaí ad-hoc.

*1.5.2 Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Tá comhaontuithe idirnáisiúnta iomadúla ag an AE le tíortha comhpháirtíochta ar fud an domhain, nach bhfuil a macasamhlacha ag Ballstáit aonair, a thugann tionchar dóibh ar fad i ngach réimse den chaidreamh idirnáisiúnta, nach mór. Toisc go bhfuil 27 Ballstát ag gníomhú i gcomhréir le comhbheartais agus le comhstraitéisí, is ag an AE amháin atá an chumhacht chriticiúil le gur féidir freagairt do dhúshláin dhomhanda. Mar ghníomhaí domhanda, tá an inchreidiúnacht agus an neodracht ag an AE nach bhfuil ar fáil do Bhallstáit aonair. Tá cumas uathúil ag an AE freisin noirm an AE a chur chun cinn, agus caighdeáin dhomhanda a dhéanamh díobh trí bhíthin an chomhair idirnáisiúnta.

Beidh breisluach níos mó ag gabháil leis an Ionstraim um Chomhpháirtíocht atá beartaithe i gcomparáid leis an gceann atá ann faoi láthair toisc go gcuimseodh sí an straitéis Eoraip 2020 atá bunaithe ar chomhar i leith fáis ghlais, agus ina gcuirtear béim níos láidre ar leasanna an AE i gcomhar le tíortha atá ag teacht chun cinn agus le tíortha tionsclaithe agus ar an timpeallacht a fheabhsú ar mhaithe le gnó, infheistíocht, trádáil agus taighde agus nuálaíocht. Ba cheart di clár oibre réamhghníomhach de leasanna frithpháirteacha a fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta agus díriú go sonrach ar pháirtithe straitéiseacha an AE.

Is níos fearr a urramóidh an Ionstraim nua um Chomhpháirtíocht tiomantais an AE do tríú tíortha ar chuir sé Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus Comhaontuithe Réime/Comhair i gcrích leo. Cuireann sí inchreidteacht agus comhsheasmhacht le beartas seachtrach an AE a bhaineann le cur chun cinn a luachanna agus a leasanna a cheangal le gníomhaíochtaí sonracha comhair. Faoi chuimsiú na gcomhaontuithe, d'fhéadfadh an Ionstraim um Chomhpháirtíocht gníomhú mar chatalaíoch maidir le comhthionscadail an AE agus na mBallstát, toisc nach bhfuil an AE agus a Bhallstáit faoi cheangal ag a bhforálacha. Ar deireadh, thacódh sí le beartais réigiúnacha agus dhéthaobhacha an AE, agus le tiomantais an AE do phróisis chomhair réigiúnaigh agus idirnáisiúnta freisin.

*1.5.3 Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Ba í conclúid an **Athbhreithnithe Mheántréimhsigh** (AM) (COIM/2009/196) ar an Ionstraim airgeadais um ghníomhaíochtaí seachtracha, arna dhéanamh in 2009, go raibh raon feidhme teoranta na hIonstraime maidir le Comhar um Fhorbairt (ICF) ag cur baic ar mhaoiniú na ngníomhaíochtaí nach raibh "dírithe ar chomhpháirtithe" mar Chúnamh Forbartha Oifigiúil (CFO), ach a bhí ina leas comhchoiteann i gcomhthéacs an domhandaithe. Níor measadh go raibh an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (DCI) oiriúnach chun dul i ngleic leis an bhfadhb toisc gurb ionann a príomhchuspóir agus cur chun cinn fhorbairt agus leas eacnamaíoch na dtíortha i mbéal forbartha agus, go sonrach, díothú na bochtaineachta i dtíortha comhpháirtíochta agus i réigiúin chomhpháirtíochta i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear saothrú Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Bhí an teorannú seo ag dul i bhfeidhm ar na réigiúin is bríomhaire ar domhan (e.g. Meiriceá Laidineach, an Áise, an Afraic Theas) agus fágadh an AE gan ionstraim airgeadais chun tacú le teacht chun cinn an chaidrimh idirnáisiúnta atá ceangailte le domhandú, go háirithe maidir le geilleagair éiritheacha. Chun na críche sin, Chruthaigh an tÚdarás Buiséid **Gníomhartha Ullmhúcháin** i Meiriceá Laidineach agus san Áise chun an bhearna reachtach a líonadh ar bhonn sealadach. I mí Aibreáin 2009, bheartaigh an Coimisiún Eorpach beart leantach reachtach (COIM/2009/197) chun maoiniú beart a chumasú i dtíortha a thagann faoi chuimsiú Rialachán na hIonstraime maidir le Comhar um Fhorbairt raon feidhme geografach na hIonstraime reatha um Thíortha Tionsclaithe a leathnú do thíortha i mbéal forbartha (lena n-áirítear geilleagair éiritheacha) na hÁise agus Mheiriceá Laidinigh, agus don Iaráin, don Iaráic, d'Éimin agus don Afraic Theas.

Sainaithníodh san Athbhreithniú Meántréimhseach freisin gur sholáthar an Ionstraim um Thíortha Tionsclaithe, ar a bhfuil an togra le haghaidh ionstraime nua bunaithe, bonn solúbtha chun comhar a fhorbairt le líon méadaithe na gcríoch tionsclaithe agus ardioncaim, cé go raibh teorainn ar an imchlúdach airgeadais.

De bhreis ar an Athbhreithniú Meántréimhseach, rinneadh **meastóireachtaí ar chláir shuaitheanta** arna maoiniú faoi "chlár Tairseach an AE maidir leis an tSeapáin agus le Poblacht na Cóiré" de chuid na hIonstraime um Thíortha Tionsclaithe (lena maoinítear pailliúin an AE in aontaí trádála) agus Ionaid an AE (cuibhreannais ollscoile lena soláthraítear modúil "staidéar an AE" agus lena scaiptear faisnéis thábhachtach ar an AE do phobal an-leathan) sna blianta roimhe sin agus ba mheastóireachtaí an-dearfacha iad).

Maidir leis an **gClár Oiliúna Feidhmiúcháin (COF)** (cláir theanga agus oiliúna do bhainisteoirí), léirigh an mheastóireacht a rinneadh in 2010[12] go soláthraíonn an Clár Oiliúna Feidhmiúcháin tairiscint ar leith i dtéarmaí struchtúir chláir (is saintréithe domheasta iad eolas ar chultúr gnó na Seapáine agus na Cóiré) agus an spriocphobail (tá meas ag comhlachtaí móra agus comhlachtaí beaga agus meánmhéide araon ar an gclár). Tugann sé deis do rannpháirtithe ionchasacha ó Bhallstáit nach soláthraíonn aon tionscnamh atá cosúil leis. Ina theannta sin, cuireann sé infheictheacht mhaith ar fáil don AE. Bhí tionchar dearfach ag an gClár Oiliúna Feidhmiúcháin ar chomhlachtaí an AE atá tiomanta dá ngníomhaíochtaí gnó a bhunú agus a fhás leis an tSeapáin agus leis an gCóiré maidir le cuidiú a thabhairt don chomhlacht ón AE rochtain a fháil ar mhargaí na Seapáine/na Cóiré; le tionchar marthanach ar ghnó chomhlachtaí an AE a sholáthar, in ionad tionchair ghearrthéarmaigh agus shealadaigh, agus maidir le féidearthachtaí gnó chomhlachtaí an AE a leathnú i dtíortha eile na hÁise.

Léirigh an mheastóireacht, arna déanamh in 2010[13], ar Thionscnamh **Ionaid an AE** (atá tiomanta do thaidhleoireacht phoiblí) go bhfuil "na hIonaid ag cur luacha iarbhír leis agus go mbaineann an Coimisiún an-tairbhe as an Tionscnamh. Cúitíonn méid na hoibre arna déanamh ag na hIonaid go mór na costais a thabhaíonn an Coimisiún ar an gclár". Bhain an clár bonn daingean amach sna tíortha sin ar ceannródaithe an Tionscnaimh iad (Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Ceanada) agus is ag déanamh a dhíchill chun leibhéil níos airde aibíochta a bhaint amach san Astráil agus sa Nua-Shéalainn atá sé. Tá sé de chumas ag cistiú an AE gníomhú mar shíolairgead, go príomha trí bhíthin foinsí eile cistithe a mhealladh a tharraingítear i dtreo an Tionscnaimh lena inbhuanaitheacht fhadtréimhseach a áirithiú.

### *1.5.4 Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

Leagtar amach i gConradh Liospóin prionsabail choiteanna agus cuspóirí coiteanna agus sainítear ann creat institiúideach nua maidir le gníomhaíocht sheachtrach an AE (an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtrach go háirithe) as a dtiocfaidh ionchais arda i réimse na gníomhaíochta seachtraí go hidirmheánach laistigh den AE agus ó chomhpháirtithe ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear sa chomhthéacs iltaobhach. Beidh an Ionstraim um Chomhpháirtíocht ina gné lánpháirtíochta d'ailtireacht fhoriomlán na n-ionstraimí airgeadais um ghníomhaíocht sheachtrach arna n-eagrú bunaithe ar cheithre phríomhchaibidil: caibidil bunaithe ar bheartas a fhéachann go príomha le comhar le tíortha comhpháirtíochta a éascú ar an leibhéal déthaobhach, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, chomh maith le caibidlí ar oibriú ar thosaíochtaí leathana agus ar luachanna ginearálta: cearta an duine agus an daonlathas, cúnamh daonnúil agus cosaint shibhialta, bainistíocht géarchéime agus í a chosc. Tagann an Ionstraim um Chomhpháirtíocht faoin gcéad chaibidil, is í sin obair le tíortha comhpháirtíochta. Is ionann a príomhchuspóir agus beartais an AE atá mar thaca le clár oibre na straitéise Eoraip 2020 a fhortheilgean, a théann i ngleic le dúshláin mhóra dhomhanda, a fhorbraíonn clár oibre réamhghníomhach an AE agus leasanna coiteanna le tíortha tionsclaithe agus le geilleagair éiritheacha, le fócas sonrach ar chomhpháirtithe straitéiseacha.

Is é ceann de phríomh-thosaíochtaí na **straitéise Eoraip 2020** fás a athbhunú. Sainaithníonn an Clár Oibre go mbeidh ról ríthábhachtach ag geilleagair éiritheacha mhearfáis a bhfuil meánaicme mhéadaithe acu san onnmhairiú Eorpach earraí agus seirbhísí ina bhfuil buntáiste comparáideach ag an AE. Ba cheart don Ionstraim um Chomhpháirtíocht a bheith lárnach maidir le tacú le **beartas**

12 Meastóireacht Thagartha: *Intermediate evaluation of the Executive Training Programme in Japan and Korea* (Meastóireacht idirmheánach ar an gClár Oiliúna Feidhmiúcháin sa tSeapáin agus sa Chóiré). Feabhra 2010. Lucht comhairliúcháin Deloitte.

13 Meastóireacht Thagartha: http://www.eeas.europa.eu/eu-centres/docs/2010_evaluation_en.pdf

**trádála**[14], go háirithe i dtaca leis na comhpháirtithe eacnamaíocha straitéiseacha. Comhlánóidh an tacaíocht do rochtain ar an margadh maidir le comhlachtaí Eorpacha gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gclár um iomaíochas agus um fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Tá ról tábhachtach méadaithe freisin ag geilleagair éiritheacha mar chomhpháirtithe freagracha i ndul i ngleic le dúshláin is cúram domhanda: saincheisteanna nach féidir dul i ngleic leo ach i gcomhthéacs idirnáisiúnta amhail maolú bochtaineachta, imirce, iomaíochas agus léirscaoileadh trádála, comhshaol, athrú aeráide, fuinneamh, scileanna litearthachta digití agus lánpháirtiú, paindéimí, cibearshlándáil, sceimhlitheoireacht agus coireacht eagraithe. Agus domhandú luasghéaraithe ag dul ar aghaidh sa chúlra, ní foláir nó go bhfuil an clár oibre inmheánach a bhaineann le fás inbhuanaithe agus poist a dhaingniú san Eoraip, chomh maith le beartais inmheánacha an AE i gcoitinne, á gcomhlánú le gné sheachtrach. Ba cheart go mbeadh gníomhaíocht sheachtrach an AE níos comhleanúnaí agus níos comhtháite de bharr ghné sheachtrach an bheartais inmheánaigh agus gur comhlánú uirthi a bheadh ann, seachas dúbailt iarrachtaí.

Dá bhrí sin, tabharfaidh an Ionstraim um Chomhpháirtíocht tosaíocht do thacú le gné sheachtach bheartais an AE maidir le **hathrú aeráide, an comhshaol, fuinneamh,** trádáil agus forbairt inbhuanaithe, **agus teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide freisin.** Cheap an AE cheana féin an tacar is sofaisticiúla dreasachtaí, rialacha agus rialúchán d'fhonn ár dtrasdul féin go geilleagar ísealcharbóin agus go spriocanna uaillmhianacha arna nglacadh go huathúil a éascú. Soláthraíonn an creat seo forléargas cuimsitheach agus daingean a d'fhéadfaí agus ar cheart a úsáid chun uaillmhianta comhchosúla ár gcomhpháirtithe straitéiseacha tábhachtacha a éascú. Is soiléir go mbeadh an ghníomhaíocht sin ar mhaithe leis an gcomhshaol, le linn di gníomhú mar chatalaíoch le haghaidh infheistíochta leathanbhunaithe i dtaighde agus nuálaíocht, i bhforbairt acmhainní agus i gcláir, i dteicneolaíochtaí níos glaise agus i ndeiseanna tráchtála a sholáthar do thionscal an AE. Maidir leis an Ionstraim um Chomhpháirtíocht, is iad **príomhshruthú aeráide agus cuspóirí aeráide** go háirithe a bheidh bainteach le gníomhaíochtaí a chumasaíonn idirphlé beartais le geilleagair thionsclaithe agus le geilleagair éiritheacha.

Beidh éifeachtúlacht acmhainní ríthábhachtach lena áirithiú go bhfanfaidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe laistigh de shrianta pláinéadacha comhshaoil. Tá an AE ag glacadh **Straitéise um Éifeachtúlacht Acmhainní** mar cheann de na Míreanna Suaitheanta na Straitéise 2020. Beidh iarmhairt aige sin, inter alia, ar noirm an AE agus ní bheidh sé éifeachtach go hiarbhír ach amháin má ghlacann na mórgheilleagair ar fad cleachtais a bheidh éifeachtach ó thaobh acmhainní de. Tá deis ag geilleagair atá ag teacht chun cinn gabháil thar na bpátrún truaillitheacha neamh-inbhuanaithe maidir le tomhailt agus táirgeadh a bhí coitianta i measc gheilleagair an AE agus i measc na n-ardgheilleagar eile le linn ár dtionsclú agus tá suim mhór ag an AE cabhrú leo é sin a dhéanamh. Mar sin féin, is ag geilleagair atá ag teacht chun cinn, go háirithe an India agus an tSín, atá pobail mhóra bhochta a bhraitheann ar éiceachórais shláintiúla amhail uisce glan agus farraigí agus foraoisí táirgiúla le haghaidh a gcuid slite beatha, cé go bhfuil cuid mhór bithéagsúlachta sa Bhrasaíl, san Afraic Theas, san India agus sa tSín. Is ar mhaithe le leas frithpháirteach an AE agus a chuid comhpháirtithe atá comhphlé agus comhar maidir leis an eacnamaíocht a bhaineann le héiceachórais inbhuanaithe a chosaint agus a bhainistiú.

Is ríthábhachtach atá comhphlé agus comhar praiticiúil leis na príomhtháirgeoirí agus na príomhthomhaltóirí fuinnimh uilíocha maidir le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le **slándáil fuinnimh an AE** a áirithiú, go háirithe de réir mar a éiríonn an AE níos spleáiche ar

14 *Trade, Growth and World Affairs - TRADE POLICY AS A CORE COMPONENT OF THE EU'S 2020 STRATEGY* (Trádáil, Fás agus Gnóthaí an Domhain - BEARTAS TRÁDÁLA MAR CHOMHPHÁIRT LÁRNACH DE STRAITÉIS 2020 AN AE) (COIM/2010/612) an 9.11.2010

allmhairí, agus le cur chun cinn a dhéanamh ar chlár oibre uilíoch ísealcharbóin, ar bheartais fuinnimh inbhuanaithe, ar thrédhearcacht agus intuarthacht ar mhargaí fuinnimh uilíocha agus ar chomhar teicneolaíochta.

Iarrann stáit atá ag fágáil stádais mar thír i mbéal forbartha foirmeacha nua **comhair i réimsí teicneolaíochta agus nuálacha.** Chun fanacht ina chomhpháirtí straitéiseach sna réimsí sin agus leanúint de bheith ina cheannaire maidir le caighdeáin uilíocha a chur chun cinn, ní mór don AE a bheith in ann comhpháirtíochtaí comhair a bhunú sna réimsí sin.

Mar achoimre, déanfar teilgean seachtrach bheartais inmheánacha an AE a chomhtháthú go hiomlán i gclárú na hIonstraime um Chomhpháirtíocht. Laistigh de na hacmhainní teoranta airgeadais a bheidh ar fáil di, comhlánóidh sí gné sheachtrach na mbeartas inmheánach arna seoladh faoi chláir eile de chuid an AE (amhail gníomhaíocht faoi Horizon 2020 - an Creatchlár le haghaidh Thaighde agus Nuálaíochta, faoin gClár um Iomaíochas agus um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, lena n-áirítear comhar maidir le Turasóireacht, faoin gClár “Erasmus do Chách”, faoin gCiste Imirce agus faoin gCiste Slándála Inmheánaí), chun aon dúbailt a sheachaint. Cuirfear comhchuibheas agus comhlántacht le hionstraimí geografacha eile um ghníomhaíochtaí seachtracha, go háirithe an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt, san áireamh ar fud na céime cláraithe le linn lanpháirtiú phrionsabail na difreála agus an chomhchruinnithe.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☒ Togra/tionscnamh **d'fhad teoranta**

– ☒ Togra/tionscnamh i bhfeidhm ón 01/01/2014 go dtí an 31/12/2020

– ☒ Tionchar airgeadais ón 01/01/2014 go dtí an 31/12/2020

– ☐ Togra/tionscnamh **d’fhad neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh idir BBBB agus BBBB

– agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin

**1.7 Modhanna bainistíochta atá beartaithe[15]**

☒ **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

☒ **Bainistíocht indíreach láraithe** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☐ gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

– ☐ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail[16]

– ☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

[15] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin BudgWeb: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

[16] Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

– ☐ daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

☐ **Bainistíocht chomhpháirteach** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht dhíláraithe** le tríú tíortha

☐ **Comhbhainistíocht** le heagraíochtaí idirnáisiúnta ***(tabhair sonraí)***

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Tá córais Faireacháin agus Meastóireachta an Choimisiúin Eorpaigh á ndíriú níos mó ar thorthaí. Baineann siad le foireann inmheánach mar aon le saineolas seachtrach.

Déanann Bainisteoirí Cúraimí i dToscaireachtaí agus ag an gCeanncheathrú faireachán leanúnach ar chur chun feidhme tionscadal agus clár i roinnt slite éagsúla, lena n-áirítear áit ar bith a mbíonn sé indéanta trí chuairteanna allamuigh. Faightear faisnéis luachmhar maidir le dul chun cinn trí fhaireachán; tá sé ina chabhair do bhainisteoirí baic idir iarbhír agus fhéideartha a shainaithint agus gníomhaíocht cheartaitheach thráthúil a ghlacadh nuair is iomchuí.

Déantar saineolaithe seachtracha, neamhspleácha a chonrú chun feidhmíocht ghníomhaíochtaí seachtracha an AE a mheasúnú trí bhíthin thrí chóras éagsúla. Cuireann na meastóireachtaí seo le cuntasacht agus le feabhsú idirghabhálacha leanúnacha; baineann siad leas as ceachtanna chomh maith ó thaithí roimhe seo maidir le beartais agus gníomhaíochtaí amach anseo. Baintear úsáid as critéir mheastóireachta ECFE-CCF, lena n-áirítear tionchar (féideartha), i gcás na n-uirlisí go léir.

Ar an gcéad dul síos, ar leibhéal tionscadail, trí bhíthin an chórais Faireacháin atá Dírithe ar Thorthaí (ROM), cuirtear roghbhlúire fócasaithe achomair ar fáil maidir le cáilíocht sampla idirghabhálacha. Ag baint úsáide as modheolaíocht chaighdeánaithe, ardstruchtúrtha, tugann saineolaithe neamhspleácha ROM gráid lena léirítear láidreachtaí agus laigí an tionscadail agus tugann siad moltaí faoin gcaoi is fearr chun éifeachtacht a fheabhsú.

Trí mheastóireachtaí ar leibhéal tionscadail arna mbainistiú ag Toscaireacht an AE atá i gceannas an tionscadail, baintear amach grinnanailís níos mionsonraithe agus cabhraítear le bainisteoirí tionscadail feabhas a chur ar idirghabhálacha leanúnacha agus idirghabhálacha don todhchaí a ullmhú. Fostaítear saineolaithe seachtracha, neamhspleácha a bhfuil saineolas téamach agus geografach acu chun anailís a dhéanamh agus aiseolas agus fianaise a bhailiú ó na páirtithe leasmhara go léir, go háirithe na tairbhithe deiridh.

Déanann an Coimisiún meastóireachtaí straitéiseacha ar a chuid beartas chomh maith, ó chlárú agus straitéis go dtí cur chun feidhme idirghabhálacha in earnáil shonrach (amhail sláinte, oideachas etc), i dtír nó i réigiún, nó maidir le hionstraim faoi leith. Is ionchur tábhachtach iad na meastóireachtaí seo chun beartais a chruthú agus chun ionstraimí agus tionscadail a dhearadh. Tá siad go léir foilsithe ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin agus tá achoimre ar na torthaí ar áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa.

## 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

Tá na rioscaí seo a leanas maidir le cuspóirí na hIonstraime a bhaint amach ina saintréithe de thimpeallacht oibríochtúil na hIonstraime um Chomhpháirtíocht:

- tionscadail agus cláir scaipthe go geografach: beidh clú domhanda ag an Ionstraim um Chomhpháirtíocht, agus cuirfear béim shonrach ar chomhpháirtithe straitéiseacha. Leanfaidh sí den chomhar reatha leis na tíortha agus na críocha tionsclaithe (den ICI reatha) ach rachaidh sí isteach i dtionscadail/i gcláir nua le grúpa tíortha inar díríodh comhar ar chúnamh forbartha oifigiúil (CFO). D'fhéadfadh go gcruthódh an cumhdach domhanda dúshláin loighistiúla/acmhainní maidir le faireachán - agus go háirithe aon bhearta leantacha 'ar an láthair';

- d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí agus moilleanna i roinnt tíortha comhpháirtíochta i gceapadh agus i gcur chun feidhme idirghabhálacha de bharr seolta clár/tionscadal nua, maille le riosca easpa cumais institiúidigh agus riaracháin;

- d'fhéadfaí bac a chur ar chumas an Choimisiúin torthaí a thuairisciú agus a bheith cuntasach ina leith mar gheall ar dheacrachtaí chun tionchar an chomhair seo don AE agus do thíortha comhpháirtíochta a chainníochtú agus beart leantach a ghlacadh;

- d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí agus moilleanna ann i gceapadh agus i gcur chun feidhme idirghabhálacha de bharr cláir oibre eacnamaíoch/pholaitiúil;

- ós rud é gur ionstraim nua í an Ionstraim um Chomhpháirtíocht, d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ann maidir leis an ionstraim a bhainistiú mar is ceart mar gheall ar easpa acmhainní daonna agus creidiúintí riaracháin d'fhonn tacú le cur chun feidhme na hionstraime i dtoscaireachtaí agus sa cheanncheathrú.

*2.2.2 Na modhanna rialaithe atá beartaithe*

Tá rialú inmheánach / próiseas bainistíochta an Choimisiúin deartha chun urrús réasúnach a sholáthar maidir le cuspóirí a bhaint amach i leith éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chuid oibríochtaí, iontaofacht a chuid tuairiscithe airgeadais agus comhlíonadh an chreata ábhartha reachtaigh agus nós imeachta.

D'fhonn éifeachtacht agus éifeachtúlacht a oibríochtaí a áirithiú, agus chun an t-ardleibhéal riosca ina thimpeallacht um chomhar seachtrach a mhaolú, anuas ar ghnéithe uile phróiseas an Bheartais Straitéisigh agus na Pleanála a bhaineann leis an gCoimisiún ar fad, na timpeallachta iniúchta inmheánaigh agus riachtanais eile Chaighdeáin Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin, beidh feidhm ag na gnéithe seo a leanas:

– Nuair is iomchuí, bainistíocht dhíláraithe an chomhair ó thoscaireachtaí an AE sa réimse;

– Línte soiléire de chuntasacht airgeadais trí fho-tharmligean ón Oifigeach um Údarú (Stiúrthóir/Ceann na Seirbhíse) fo-tharmligthe ag an gCeanncheathrú chuig Ceann na Toscaireachta;

– Tuairisciú rialta ó Thoscaireachtaí an AE don Cheanncheathrú, lena n-áirítear Ráiteas Dearbhaithe ó Cheann na Toscaireachta;

– Clár suntasach oiliúna a chur ar fáil don fhoireann ag an gceanncheathrú agus i dtoscaireachtaí;

– Tacaíocht agus treoir shuntasach sa Cheanncheathrú/i dToscaireachtaí (tríd an idirlín san áireamh);

– Rialuithe rialta ex-post;

– Modheolaíocht bainistíochta ar thimthriall tionscadail agus cláir lena n-áirítear:

– Uirlisí tacaíochta cáilíochta chun an idirghabháil agus modh seachadta, meicníocht chistiúcháin agus córas bainistíochta na hidirghabhála a cheapadh, agus chun aon chomhpháirtí cur chun feidhme a mheasúnú agus a roghnú, etc.

– Bainistíocht cláir agus tionscadail, uirlisí faireacháin agus tuairiscithe le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach lena n-áirítear faireachán seachtrach rialta ar an bpointe ar thionscadail.

– Comhpháirteanna meastóireachta agus iniúchta suntasacha.

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

I bhfianaise na timpeallachta ardriosca i ngníomhaíochtaí seachtracha, ní foláir nó go ndéanfaí méid suntasach earráidí comhlíontachta féideartha (neamhrialtachtaí) in idirbhearta a réamh-mheas le córais agus go gcuirfí leibhéal ard rialuithe coisctheacha, braiteacha agus ceartaitheacha san áireamh iontu chomh luath agus is féidir sa phróiseas íocaíochta. Ciallaíonn sé sin sa chleachtas go mbraithfidh rialuithe comhlíontachta ar sheiceálacha suntasacha ex-ante ar bhonn ilbhliantúil den chuid is mó, arna ndéanamh ag iniúchóirí seachtracha agus ag foireann an Choimisiúin sa réimse araon roimh íocaíochtaí deiridh an tionscadail (fad is atá roinnt seiceálacha agus iniúchtaí ex-post fós á ndéanamh), ag dul i bhfad thar na coimircí airgeadais a cheanglaítear leis an Rialachán Airgeadais. Tá na comhpháirteanna suntasacha seo a leanas sa chreat comhlíontachta:

- Bearta coisctheacha

- Oiliúint lárnach éigeantach ina gcuimsítear saincheisteanna calaoise i gcomhair foirne bainistíochta comhair;

- Measúnuithe comhlíontachta ex-ante lena áirithiú go bhfuil bearta iomchuí frithchalaoise chun calaois i mbainistiú cistí an AE a chosc agus a bhrath ar bun ag na comhpháirtithe cur chun feidhme go léir;

- Shínigh an Coimisiún an Tionscnamh Trédhearcachta um Chabhair Idirnáisiúnta (IATI) in Accra in 2008, lenar comhaontaíodh caighdeán um thrédhearcacht cabhrach lena n-áirithítear sonraí níos tráthúla, níos mionsonraithe agus níos rialta faoi shreafaí cabhrach agus faoi dhoiciméid.

- Bearta braiteacha agus ceartaitheacha

- Seiceálacha idirbhirt ex-ante arna bhfeidhmiú ag foireann an Choimisiúin maidir le gach idirbheart conartha agus íocaíochta;

- Fíoruithe agus iniúchtaí seachtracha (cinn éigeantacha agus bunaithe ar riosca araon) lena n-áirítear Cúirt Iniúchóirí na hEorpa;

- Seiceálacha cúlghabhálacha (ar bhonn riosca) agus aisghabhálacha;

Ina theannta sin, sa chás go gceaptar go dtarlaíonn neamhrialtacht d'aon ghnó (calaois), d'fhéadfadh go mbeadh feidhm ag na bearta seo a leanas:

- Teorainn ama le haghaidh íocaíochtaí a chur ar fionraí agus fógra a thabhairt don aonán;
- Iniúchóireachtaí sonracha (iniúchóireacht ad hoc/fhóiréinseach);
- Córas Réamhrabhaidh & faireachán atreisithe ar chonarthaí;
- Conradh a chur ar fionraí/a fhoirceannadh;
- Nós imeachta eisiaimh.

Beidh seirbhísí an Choimisiúin ag obair i gcomhpháirt iomlán le OLAF maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um straitéis nua frithchalaoise an Choimisiúin arna glacadh ag an gColáiste in 2011 chun an méid seo a leanas a áirithiú *inter alia*:

– go bhfuil rialuithe inmheánacha maidir le frithchalaois ailínithe go hiomlán leis an CAFS;

– go bhfuil an cur chuige maidir le bainistíocht riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus ar fhreagairtí imleora a shainaithint;

– gur féidir, trí bhíthin na gcóras a úsáidtear chun cistí an AE a chaitheamh i dtríú tíortha, sonraí a fháil d'fhonn na sonraí sin a chur san áireamh i mbainistiú riosca calaoise (e.g. cistiú dúbailte);

– más gá, d'fhéadfaí grúpaí líonraithe agus uirlisí TF leormhaithe a bhunú atá tiomanta d'anailís a dhéanamh ar chásanna calaoise a bhaineann le hearnáil an chúnaimh sheachtraigh.

### 2.4 Meastachán ar chostais na rialuithe agus na buntáistí a mheastar a bheidh ag na rialuithe

Ba cheart do chostais bhainistíochta/rialaithe inmheánaigh na hIonstraime um Chomhpháirtíocht a bheith cosúil leis na costais arna ríomh ag EuropeAid maidir le bainistíocht a ionstraimí um ghníomhaíochtaí seachtracha (i.e. 6% den chlúdach):

I gcás phunann EuropeAid ina hiomláine, is é **€ 658 milliún** meán bliantúil measta na gcostas bainistíochta / rialaithe inmheánaigh ina n-iomláine, in oibleagáidí i bpleanáil buiséid 2014-2020. Áirítear leis an bhfigiúr sin bainistiú an CFE, a bhfeidhmítear ar bhealach comhtháite faoi chuimsiú struchtúr bainistíochta EuropeAid. Is ionann na costais 'neamhoibríochtúla' seo agus thart ar **6,4 %** den mheán bliantúil measta de **€ 10.2 billiún** atá beartaithe le haghaidh oibleagáidí foriomlána (oibríochtúla + riaracháin) EuropeAid ar a phunann caiteachais arna maoiniú ó Bhuiséad Ginearálta an AE agus ón gCiste Eorpach Forbraíochta le haghaidh na tréimhse 2014-2020.

Cuirtear foireann uile EuropeAid ag an gceanncheathrú agus sna Toscaireachtaí san áireamh sna costais bainistíochta seo, mar aon le bonneagar, taisteal, oiliúint, faireachán, meastóireacht agus conarthaí iniúchta (lena n-áirítear na cinn sin arna seoladh ag tairbhithe).

Tá sé beartaithe ag EuropeAid an cóimheas idir gníomhaíochtaí bainistíochta / gníomhaíochtaí oibríochtúla a laghdú le himeacht ama de réir shocruithe simplithe agus feabhsaithe na n-ionstraimí

nua, ag cur le hathruithe is dóigh a thabharfar isteach faoin Rialachán Airgeadais athbhreithnithe. Réadaítear príomhthairbhí na gcostas bainistíochta seo i dtéarmaí cuspóirí beartais a bhaint amach, úsáid éifeachtúil agus éifeachtach as acmhainní, agus feidhmiú bearta coisctheacha cost-éifeachtúla stóinsithe agus seiceálacha eile chun úsáid dhleathach agus rialta cistí a áirithiú.

Fad is a leanfar de dhul i mbun feabhsuithe ar chineál agus ar dhíriú na ngníomhaíochtaí bainistíochta agus na seiceálacha comhlíontachta maidir leis an bpunann, tá na costais seo riachtanach ar an iomlán chun cuspóirí na n-ionstraimí a bhaint amach ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, agus an riosca íosta neamhchomhlíontachta i gceist (faoi 2% d'earráid iarmharach). Tá na rioscaí sin i bhfad níos lú ná na rioscaí atá i gceist le rialuithe inmheánacha a bhaint nó a chúlú sa réimse ardriosca seo.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord ceannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Tuairisc……...…….] | LD/LN (17) | ó thíortha[18] an CSTE | ó thíortha is iarrthóirí[19] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| Ceannteideal 4 - An Eoraip Dhomhanda | 19 01 04 08 - An Ionstraim um Thíortha Tionsclaithe (an ICI) - Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin<br>19 05 01 - Comhar le tíortha tionsclaithe nach ballstáit iad<br>19 05 02 - KEDO<br>19 05 03 - Treoirthionscadal um modhanna trasatlantacha le haghaidh dúshláin dhomhanda a láimhseáil<br>19 09 03 - Gníomhaíochtaí comhair seachas Cúnamh Forbartha Oifigiúil (Meiriceá Laidineach)<br>19 09 02 - Gníomh Ullmhúcháin - Comhar le tíortha meánioncaim i Meiriceá Laidineach | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

17 LD = Leithreasaí difreáilte / LN = Leithreasaí neamhdhifreáilte

18 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

19 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ó na Balcáin Thiar.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 19 10 04 - Gníomhaíochtaí comhair seachas Cúnamh Forbartha Oifigiúil (an Áise, an Áise Láir, an Iaráic, an Iaráin, Éimin)<br><br>19 10 01 03 - Gníomh ullmhúcháin ar mhalartuithe gnó agus eolaíocha leis an India<br><br>19 10 01 04 - Gníomh ullmhúcháin ar mhalartuithe gnó agus eolaíocha leis an tSín<br><br>19 10 01 05 - Gníomh ullmhúcháin - Comhar le tíortha meánioncaim san Áise | | | | | |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal……...……] | LD/LN | ó thíortha CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais |
| Ceannteideal 4 - An Eoraip Dhomhanda | 19 01 04 08 - An Ionstraim um Chomhpháirtíocht - Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin.<br><br>19 05 01 - Comhar le tríú tíortha faoin Ionstraim um Chomhpháirtíocht<br><br>19 05 02 - Comhar le tíortha tionsclaithe nach ballstáit iad - cur i gcrích an chláir roimhe seo 2007-2013 (BL 19 05 01 roimhe).<br><br>Nb: Fanfaidh línte buiséid reatha eile faoi chaibidil 19 09 agus faoi chaibidil 19 10 faoi chur i gcrích na ngníomhartha (le “pm” i gcomhar ceangaltas). | LD | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | Uimhir | Ceannteideal 4 - An Eoraip Dhomhanda |
|---|---|---|

| DG: FPI | | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | **IOML** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí (praghsanna reatha ar 2% ó phraghsanna 2011) | | | | | | | | | | |
| 19 05 01 - Comhar le tríú tíortha faoin Ionstraim um Chomhpháirtíocht | Oibleagáidí | (1) | 128,853 | 135,586 | 143,670 | 153,001 | 163,782 | 176,106 | 188,812 | 1.08 |
| | Íocaíochtaí (a) | (2) | 27,753 | 68,486 | 110,870 | 143,201 | 152,182 | 162,506 | 174,112 | 839,110 |
| Leithreasaí de chineál riaracháin arna maoiniú ón gciste clár sonrach[20] | | | | | | | | | | |
| 19 01 04 08 - Ionstraim um Chomhpháirtíocht - Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin (b) | | (3) | 4,847 | 5,114 | 5,430 | 5,799 | 6,218 | 6,694 | 7,188 | 4 |
| **IOMLÁN leithreasaí i gcomhair DG FPI** | Oibleagáidí | =1+1a +3 | 133,700 | 140,700 | 149,100 | 158,800 | 170,000 | 182,800 | 196,000 | 1.131,( |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3 | 32,600 | 73,600 | 116,300 | 149,000 | 158,400 | 169,200 | 181,300 | 880,4 |

(a) Tá íocaíochtaí maidir le caiteachas oibríochtúil arna ríomh trí úsáid a bhaint as saolré chaighdeánach tionscadail 4 bliana de 20%-30%-30%-20%.

[20] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí an AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

(b) Tá suim 4% den chiste arna chur i leataobh maidir le caiteachas tacaíochta riaracháin

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

| | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: FPI | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 3,227 | 3,195 | 3,163 | 3,131 | 3,131 | 3,131 | 3,131 |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0,150 | 0,153 | 0,156 | 0,159 | 0,163 | 0,166 | 0,169 |
| **IOMLÁN DG** FPI | Leithreasaí | 3,377 | 3,348 | 3,319 | 3,291 | 3,294 | 3,297 | 3,301 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí) | 3,377 | 3,348 | 3,319 | 3,291 | 3,294 | 3,297 | 3,301 | 23,227 |

EUR milliún

| | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018-2020 | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasaí faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Oibleagáidí | 137,077 | 144,048 | 152,419 | 162,091 | 173,294 | 186,097 | 199,301 | 1.154,227 |
| | Íocaíochtaí | 35,977 | 76,948 | 119,619 | 152,291 | 161,694 | 172,497 | 184,601 | 903,627 |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| **Léirigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | ... tabhair na blianta ar fad is gá le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas aschuir [21] | Meán chostas an aschuir | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon na n-aschur | Costas | Líon iomlán na n-aschur | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH UIMH. 1<br>Gné sheachtrach na straitéise Eoraip 2020 a réamh-mheas, mar | | | | | | | | | | | | | | | | |

[21] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| aon le hidirphléití beartais agus na dúshláin is údair imní don domhan ar fad | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | 70,861 | | 74,571 | | 79,023 | | 84,164 | | 90,100 | | 96,884 | | 103,880 | | 599,483 | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2<br>Comhpháirtíochtaí eacnamaíocha, comhar gnó agus rialála | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | 26,740 | | 28,140 | | 29,820 | | 31,760 | | 34,000 | | 36,560 | | 39,200 | | 226,220 | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 3<br>Taidhleoireacht phoiblí, comhar acadúil/oideachais agus for-rochtain | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fo-iomlán chuspóir sonrach Uimh. 3 | | 24,567 | | 25,840 | | 27,372 | | 29,137 | | 31,182 | | 33,522 | | 35,932 | | 207,452 |
| **Cúlchiste neamhleithdháilte** | | 6,685 | | 7,035 | | 7,455 | | 7,940 | | 8,500 | | 9,140 | | 9,800 | | 56,555 |
| **COSTAS IOMLÁN** | | 128,853 | | 135,586 | | 143,670 | | 153,001 | | 163,782 | | 176,106 | | 188,812 | | 1.089,710 |

N.B.: is mar seo a leanas atá an miondealú ar na cuspóirí sonracha, as clúdach airgeadais EUR 1.131,000 milliún:

Cuspóir Uimh. 1: 53%

Cuspóir Uimh. 2: 20%

Cuspóir Uimh. 3: 18%

Cúlchiste neamhleithdháilte: 5% a bheidh le clárú idir na 3 chuspóir de réir na riachtanas.

Níl leithdháiltí i measc aschur iomchuí de bharr chineál na hionstraime (níl aon líon caighdeánach aschur agus níl aon mheánchostas i gceist).

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin*

3.2.3.1 Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasaí riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | 3,227 | 3,195 | 3,163 | 3,131 | 3,131 | 3,131 | 3,131 | 22,111 |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,150 | 0,153 | 0,156 | 0,159 | 0,163 | 0,166 | 0,169 | 1,116 |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 3,377 | 3,348 | 3,319 | 3,291 | 3,294 | 3,297 | 3,301 | 23,227 |

| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 [22] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | 3,565 | 3,658 | 3,778 | 3,925 | 4,139 | 4,384 | 4,631 | 28,080 |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 1,282 | 1,456 | 1,652 | 1,875 | 2,079 | 2,310 | 2,557 | 13,210 |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 4,847 | 5,114 | 5,430 | 5,799 | 6,218 | 6,694 | 7,188 | 41,290 |

| **IOMLÁN** | **8,224** | **8,462** | **8,750** | **9,090** | **9,512** | **9,991** | **10,489** | **64,517** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

[22] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí an AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

3.2.3.2 Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☒ Éilíonn an togra/an tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an 1ú deachúil ar a mhéad)*

| | | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)** | | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 17,4 | 17,3 | 17,1 | 16,9 | 16,9 | 16,9 | 16,9 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| **• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)[23]** | | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "gciste iomlánaíoch") | | 13,0 | 12,9 | 12,8 | 12,6 | 12,6 | 12,6 | 12,6 |
| 12,6XX 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí) | | 2,0 | 1,9 | 1,9 | 1,9 | 1,9 | 1,9 | 1,9 |
| 19 01 04 08 *[24]* | - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | 39,4 | 40,4 | 41,8 | 43,4 | 45,7 | 48,4 | 51,2 |
| **XX** 01 05 02 (CA, INT, SNE - Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE - Taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **71,8** | **72,5** | **73,5** | **74,9** | **77,2** | **79,9** | **82,7** |

Freagraíonn acmhainní daonna faoi Cheannteideal 5 do na baill foirne a theastaíonn chun an Ionstraim nua um Chomhpháirtíocht a bhainistiú.

Cuimsíonn sé baill foirne reatha FPI a bhainistíonn an ICI reatha, i.e. 3,6 AD; 7 AST; 4,3 AC, 2 AL in Washington = 17 FTE, agus iarratas le haghaidh ball foirne breise a mheastar a bheidh ann 4 AD, 3 AST, 9 AC = 16 FTE.

Is é 19 an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón DG a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den DG, mar

[23] CA= Gníomhaire ar conradh; INT= Foireann ghníomhaireachta ("*Intérimaire*"); JED= "*Jeune Expert en Délégation*" (Saineolaí Óg i dToscaireacht); LA= Gníomhaire áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht;

[24] Faoin uasteorainn do phearsanra seachtrach ó leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don DG atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus gníomhairí sealadacha | Bainistiú an chláir agus shaolré an tionscadail |
| Pearsanra seachtrach | Bainistiú an chláir agus shaolré an tionscadail |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☒Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil eile 2014-2020.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athcláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

– ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[25].

| |
|---|
| Mínigh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5 Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasaí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... tabhair na blianta ar fad is gá le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Costas |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe* | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasaí cómhaoinithe | | | | | | | | |

## 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Níl tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar an ioncam.

– ☐ Tá an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasaí atá | Tionchar an togra/tionscnaimh[26] |
|---|---|---|

[25] Féach pointe 19 agus pointe 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

[26] Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25% de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

| | ar fáil don chleachtadh buiséadach leanúnach | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | ... cuir isteach na colúin ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Airteagal ……. | | | | | | | | |

I gcás ioncaim ilghnéithigh shannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.